




Tuarascáil Bhliantúil 2009



**AN ROINN
OIDEACHAIS
AGUS EOLAÍOCHTA**

**DEPARTMENT OF
EDUCATION
AND SCIENCE**

Clár na nÁbhar

Ár Misean agus Spriocanna	3
Cuid 1 – Tacaíocht a Thabhairt do Phobail Scoile	4
Cuid 2 – Breisoideachas agus Seirbhísí don Ógra	22
Cuid 3 – Ardoideachas agus Taighde	28
Cuid 4 – Seirbhísí a Fheabhsú agus a Fhorbairt	36
Cuid 5 – Ag Tacú le Seachadadh & Ag Díriú ar Riachtanais ár gCustaiméirí	47
<u>Aguisíní</u>	
Cairt Eagraíochta	50
Gníomhaireachtaí faoi Choimirce na Roinne	52

Ár Misean agus Spriocanna

Is é misean na Roinn Oideachais agus Eolaíochta ná oideachas d'ardchaighdeán a sholáthar:

- a chuirfidh ar chumas daoine a gcumas iomlán a bhaint amach agus a bheith iomlán rannpháirteach mar dhaoine sa tsochaí, agus
- a chuirfidh le forbairt shóisialta, cultúir agus eacnamaíochta na hÉireann.

Chun go gcomhlíonfar an misean sin, tá na cuspóirí ard-leibhéil seo a leanas ag an Roinn:

1. Tacaíocht a thabhairt do cháilíocht, d'ábharthacht agus d'uilechumsitheacht an oideachais i gcás gach foghlaimora inár gcuid scoileanna agus cur leo
2. Cur le deiseanna ó thaobh breisoideachais agus seirbhísí ógra
3. Ardoideachas agus taighde a neartú agus a chothabháil
4. Tacú le seachadadh agus forbairt oideachais trí cheapadh beartas, trí phleanáil ar ardchaighdeán agus trí fhócas láidir ar chustaiméirí.

Chun tacú leis na cuspóirí ard-leibhéil sin, tá an Roinn páirteach i réimse leathan gníomhaíochtaí ag gach leibhéal den chóras oideachais, lena n-áirítear:

- Comhairle beartas ar ardchaighdeán a chur ar fáil don Aire agus don Rialtas agus mar thaca le déanamh cinntí agus cuntasacht don Oireachtas;
- Taighde, athbhreithniú, meastóireacht agus forbairt a dhéanamh ar bheartais a bhaineann le gach réimse oideachais;
- Oideachas ar ardchaighdeán a chinntiú trí ról na Cigireachta ag an gcéad leibhéal agus ag an dara leibhéal agus trí chomhpháirtíocht le húdaráis fhreagracha in ardoideachas agus i mbreisoideachas agus san earnáil ógra;
- Comhlíonadh ar raon leathan feidhmeanna oibríochtúla, acmhainnithe agus tacaíochta maidir le maoiniú na hearnála, íocaíocht na foirne teagaisc agus neamhtheagaisc agus deontais do scoileanna agus do chomhlachtaí oideachais eile, leithroinnt na n-acmhainní teagaisc agus tacaíochtaí eile, soláthar seirbhísí síceolaíochta agus iompair scoile agus feidhmiú raon feidhmeanna a bhaineann le caidrimh fhoirne agus phearsanra;
- Infrastruchtúr oideachais a phleanáil agus a sholáthar chun tacaíocht a thabhairt d'oideachas ar ardchaighdeán a sheachadadh ag gach leibhéal;
- Oideachas a fheabhsú trí chomhoibriú a dhéanamh ar bhonn Thuaidh/Theas agus trí rannpháirtíocht ghníomhach i ngníomhaíochtaí éagsúla an Aontais Eorpaigh (AE) agus i gcomhar le roinnt gníomhaireachtaí idirnáisiúnta eile.

Cuid 1 – Tacaíocht a thabhairt do Phobail Scoile

Sprioc Ardleibhéil a hAon: Tacaíocht a thabhairt do cháilíocht, d'ábharthacht agus d'uilechumsitheacht an oideachais i gcás gach foghlaimora inár gcuid scoileanna agus cur leo.

Comhthéacs

Tá sé éigeantach do gach leanbh idir sé bliana agus sé bliana déag d'aois freastal ar oideachas lánaimseartha. Cé nach gceanglaítear ar leanaí in Éirinn dul ar scoil go dtí go mbíonn siad sé bliana d'aois tosaíonn beagnach na leanaí go léir ar scoil i mí Mheán Fómhair tar éis a gceathrú breithlá. Dá bhrí sin, cláraítear céatadán ard de leanaí atá ceithre bliana d'aois agus beagnach gach leanbh atá cúig bliana d'aois sna ranganna naíonán i mbunscoileanna.

Staitisticí Cláraithe na Chéad Leibhéil don scoilbhliain acadúil 2009/2010		
<i>Cineál Scoile:</i>	<i>Líon Scoileanna</i>	<i>Clárú Iomlán</i>
Bunscoileanna	3,165	505,998
Scoileanna Speisialta:	130	

Freastalaíonn leanaí ó thart ar 12 bliain d'aois go dtí 18 bliain d'aois ar scoil dara leibhéal. Áirítear ar scoileanna dara leibhéal, meánscoileanna, gairmscoileanna agus scoileanna pobail agus cuimsitheacha.

Staitisticí Cláraithe Dara Leibhéal don scoilbhliain acadúil 2009/2010		
<i>Cineál Scoile</i>	<i>Líon Scoileanna</i>	<i>Clárú</i>
Meánscoileanna	384	185,006
Ceadscoileanna	254	111,256
Scoileanna Pobail & Cuimsitheacha	92	54,425

Cuspóir 1.1: Tionscnaimh agus freagairtí cuí beartas a fhorbairt le bheith mar bhonn taca do bhainistíocht agus oibriú laethúil scoileanna, lena n-áirítear raon tacaíochtaí airgeadais, foirnithe agus riaracháin a sholáthar.

Tacaíochtaí Airgeadais - Ag an Leibhéal Bunscoile

Ag an leibhéal bunscoile, is iad an dá phríomhfhoinsí maoinithe a sholáthraíonn an Roinn do scoileanna ná deontais Chaipitíochta agus Seirbhísí Coimhdeacha.

Tá sé beartaithe go gcabhróidh maoiniú caipitíochta le costas nithe, cosúil le teas, soilsiú, glantóireacht, árachas, cothabháil ghinearálta agus áiseanna teagaisc ginearálta a bhíonn ag teastáil sna scoileanna.

¹ Tá áiteanna PLC san áireamh sna figiúirí cláraithe seo ach níl Core VTOS san áireamh. In eanáil Coistí Gairmoideachais go príomha a chuirtear Cúrsaí PLC ar fáil ach tá siad ar fáil, chomh maith, i roinnt Scoileanna Pobail, Scoileanna Cuimsitheacha agus Meánscoileanna.

Íoctar deontais chaipitíochta in aghaidh an duine. Ina theannta sin, íoctar rátaí speisialta breisithe caipitíochta, ó €12 go €86 an dalta, ag brath ar an gcatagóir, maidir le leanaí a bhfuil riachtanais speisialta acu a fhreastalaíonn ar scoileanna speisialta nó ranganna speisialta atá dírithe ar leanaí a bhfuil riachtanais speisialta áirithe acu. €200.00 in aghaidh an dalta an ráta caighdeánach deontais chaipitíochta in 2009, ardú €1.50 ar ráta na bliana roimhe. Timpeall is €11m an caiteachas iomlán deontais chaipitíochta ag an leibhéal bunscoile i 2009.

Soláthraítear maoiniú Seirbhísí Coimhdeacha do bhunscoileanna chun soláthar a dhéanamh do sheirbhísí rúnaíochta agus airíochais. Tá sé i gceist leis an deontas cabhrú leis na scoileanna sin nach bhfuil cúnadh rúnaíochta ná airíochta curtha ar fáil dóibh faoi scéimeanna 1978/1979, faoina mbaineann roinnt scoileanna leas as rúnaí nó airíoch lánaimseartha agus a maoiníonn an Roinn a dtuarastal go hiomlán. Cinntear méid an deontais a íoctar le scoil aonair trí na figiúirí cláraithe. Faigheann scoileanna a bhfuil clárú suas go dtí 60 dalta iontu íosdeontas agus faigheann scoileanna a bhfuil clárú 500 dalta nó os a chionn sin iontu an t-uasdeontas. Ba €55 an dalta an ráta caighdeánach deontais do 2009 agus bhí ardú €3.50 ansin ar ráta na bliana roimhe sin. Mar thoradh air sin tháinig ardú ar íosdeontas 2009 go €3,300 agus ar an uasdeontas go €77,500. Sa chás go mbíonn cúnadh airígh nó rúnaíochta ag scoil, faoi scéimeanna na Roinne, ach gan an péire, íoctar deontas €79.25 in aghaidh an dalta leis an scoil faoi réir íosmhéide de €4,775 agus uasmhéide de €39,625 in aghaidh na bliana. Ba é an caiteachas iomlán i leith deontas coimhdeacha ag leibhéal an bhunoideachais do 2009 ná timpeall is €74m.

Tacaíochtaí Airgeadais - Ag an Dara Leibhéal

Ag an dara leibhéal thabhaigh an Roinn caiteachas de bhreis is €153m i 2009 i leith:

- Deontais a íocadh le meánscoileanna maidir le speansais reatha agus
- Soláthar costas feidhmíochta scoileanna pobail agus cuimsitheacha chomh maith le costais neamhtheagaisc.

B'ionann an deontas per capita do dhaltaí aitheanta i meánscoileanna in 2009 is €345, ar mhéadú €14 é sin ar ráta na bliana roimhe sin. Tugadh isteach an *Ciste Tacaíochta Seirbhísí Scoile* (SSSF) do scoileanna dara leibhéal don scoilbhliain 2000/01. An rún a bhí le SSSF ná freagairt do riachtanais scoileanna i leith seirbhísí rúnaíochta, airígh agus glantacháin. Ón 1 Eanáir 2009 €12 an dalta an deontas a híocadh le meánscoileanna deonacha agus bhí ardú de €8 ansin ar ráta na bliana roimhe sin.

Ní fhaigheann scoileanna pobail agus cuimsitheacha deontais chaipitíochta, murab ionann agus meánscoileanna deonacha. Ina ionad sin, tugtar buiséad do gach scoil, tar éis próiseas idirbheartaíochta ar bhonn na meastachán a fhaightear ó na scoileanna. Bunaítear an buiséad go príomha ar líon na ndaltaí, ach glactar fachtóirí san áireamh chomh maith, lena mbaineann éagsúlacht idir scoileanna éagsúla. Leithroinntear maoiniú SSSF ar scoileanna Pobail agus ar scoileanna Cuimsitheacha mar chuid den bhuiséad seo.

Príomhoifigeach Feidhmiúcháin gach scoil Coiste Gairmoideachais a shocraíonn na liúntais a leithroinntear le scoileanna Coistí Gairmoideachais agus íoctar iad as maoiniú neamh-phá a chuireann an Roinn ar fáil. €6m an maoiniú neamh-phá iomlán, a chlúdaíonn gníomhaíochtaí agus costais eile Coistí Gairmoideachais, a cuireadh ar fáil do 33 Coiste Gairmoideachais i 2009.

Múinteoirí

Rinne an Roinn freastal ar chomhchlárú de thart ar 857,000 dalta ag an dá leibhéal don bhliain scoile 2009/2010 trí os cionn 59,753 (31,880 ag an gcéad leibhéal agus 27,873 ag an dara leibhéal) post múinteora a sholáthar.

Seirbhísí Párolla agus Pinsin

Déanann an Roinn raon seirbhísí párolla a chomhordú agus a riaradh do:

- Múinteoirí, cúntóirí riachtanas speisialta agus catagóirí áirithe foirne cléireachais agus airíochais a fhostaítear i mbunscoileanna, meánscoileanna, scoileanna pobail agus cuimsitheacha
- Baill foirne múinteoireachta agus neamh-mhúinteoireachta atá imithe ar scor agus a fostaíodh roimhe sin i mbunscoileanna, meánscoileanna, scoileanna pobail agus cuimsitheacha.

Tá ról riaracháin agus rialála ag Rannóg Pinsean na Roinne. Cuirtear seirbhísí riaracháin ar fáil do mhúinteoirí, Cúntóirí Riachtanas Speisialta agus baill foirne áirithe neamh-mhúinteoireachta i mBunscoileanna, Meánscoileanna agus scoileanna Cuimsitheacha. Clúdaíonn na seirbhísí raon ábhar pinsean agus áirítear orthu sin:

- Sochair phinsin a phróiseáil ar scor nó bás bhaill na scéime
- Meastacháin a eisiúint do cheannach seirbhíse barúlaí chun críocha pinsin
- Aistriú seirbhíse go dtí scéimeanna pinsin eile agus uathu a shocrú
- Faisnéis a sholáthar do bhaill na scéime faoina dteidlíochtaí.

Áirítear ar an ról rialála:

- Scéimeanna ábhartha aoisliúntais a leasú
- Cur le forbairt tionscnamh beartais phinsean
- Treoir agus faisnéis a bhaineann le pinsin a sholáthar do chomhlachtaí san earnáil oideachais.

Sa bhliain 2009:

- Chuaigh 1,981 múinteoir ar scor, ardú suntasach a bhí ansin ar an mbliain roimhe sin
- Cuireadh le córas párolla na Roinne chun íocaíocht do mhúinteoirí acmhainne agus do mhúinteoirí tacaíochta teanga páirtaimsire i mbunscoileanna a shnaidhm isteach
- €4.47bn an caiteachas a bhí ar phárollaí a oibríonn Rannóg Párolla na Roinne agus 85,000 íocaíocht á n-eisiúint gach coicís

An Scéim Iompair Scoile

Oibríonn Bus Éireann an scéim seo thar ceann na Roinne. Ag an dara leibhéal, cuidíonn Príomh-Oifigigh Feidhmiúcháin na gCoistí Gairmoideachais trí ghníomhú mar Oifigigh Caidrimh Iompair.

D'iompair an tSeirbhís Iompair Scoile, a chlúdaíonn thart ar 6,000 cúrsa ar fud na tíre, isteach is amach le 125,000 dalta gach lá i 2009/2010. Tá laghdú 10,000 dalta ar an bhfigiúir sin i gcomparáid le thart ar 135,000 dalta a bhain úsáid as an tseirbhís i 2008/2009. Dá bhrí sin tháinig laghdú de €m go €177.6m ar chaiteachas na Roinne i 2009 .

Tá líne cabhrach iompair scoile ar fáil ó Luan go hAoine (1890 200 974).

Bunaíodh an Bord Achomhairc Iompair Scoile i 2003. Scrúdaíonn an Bord, atá neamhspleách, achomhairc in aghaidh cinní a dhéanann an Roinn nó a dhéantar ar a son i leith soláthair seirbhísí iompair agus/nó i leith cúnamh deontais, faoi théarmaí na scéimeanna iompair scoile. Rinne an Bord Achomhairc Iompair Scoile 75 achomharc a bhreithniú i 2009.

Cuspóir 1.2: Caighdeán na múinteoireachta agus na foghlama a chur chun cinn

Meastóireachtaí i Scoileanna

Tá freagracht reachtúil ar an gCigireacht as meastóireacht a dhéanamh ar chaighdeán an tsoláthair oideachais i scoileanna agus ionaid oideachais.

Tugann an tábla thíos forléargas ar ghníomhaíocht cigireachta ar tugadh fúithi i 2009.

Cineál Cigireachta	2009
Meastóireacht na scoile uile (WSE) Bunscoil	253
Meastóireacht na scoile uile (WSE) Iarbhunscoil	57
Cigireachtaí ábhair - aonair	378
Cigireachtaí ábhair – laistigh de WSE	182
Meastóireachtaí Clár	35
Promhadh múinteoirí (Bunscoil) don bhliain acadúil 2008/2009	2,469
Cigireacht Theagmhasach (Bunscoil)	196
Tuairiscí Meastóireachta ar Choláistí Gaeilge (<i>Coláistí Gaeilge</i>)	42
Ionaid Oideachais (<i>Youthreach, Ionad Oiliúna don Lucht Siúil Sinsearach.</i>)	14
Eile	110
Líon iomlán Cigireachtaí	3,736

I rith 2009, foilsíodh 863 tuarascáil cigireachta scoile ar an iomlán, lena n-áirítear roinnt ar tugadh fúthu roimh 2009, ar láithreán gréasáin na Roinne (www.education.ie). Cinntíonn foilsiú na dtuarascálacha go mbíonn rochtain ag scoileanna, tuismitheoirí agus an pobal i gcoitinne ar fhaisnéis a bhfuil brí léi faoin gcáilíocht agus na caighdeán sa chóras oideachais. Tacaíonn foilsiú agus scaipeadh thorthaí na cigireachta le soláthar comhairle ábhartha ó thaobh beartais chomh maith don chóras oideachais.

Tuarascálacha a foilsíodh in 2009	
WSE – Bunscoil	246
WSE – Iarbhunscoil	48
Ionaid Oideachais	17
Cigireacht ábhair/cláir laistigh de WSE	172
Cigireachtaí Ábhair/Cláir Aonair	380
Iomlán	863

Chomh maith le tuarascálacha cigireachta scoile a fhoilsiú, rinne an chigireacht na tuarascálacha seo leanas a fhoilsiú i 2009 *Looking at Guidance; Social, Personal and Health Education (SPHE) in the Primary School; Effective literacy and numeracy practices in DEIS Schools; agus Olltuairisc ar Chigireacht ar na Coláistí Gaeilge 2007.*

Cuireadh leaganacha Gaeilge de chuid de na tuarascálacha a foilsíodh roimhe seo ar fáil chomh maith i 2009; *Ag Breathnú ar Eolaíocht na Sraithe Sóisearaí; Ag Breathnú ar Cheol; TFC i Scoileanna – Achoimre, Cuimsiú Daltaí a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais acu Treoirínite Iar-bhunscoile.*

Chomhoibrigh an chigireacht, chomh maith, leis an Aonad Comhionannais Inscne chun *eQuality Measures* a chur ar fáil. Tá forbairt déanta ar an acmhainn sin chun cuidiú le scoileanna iarbhunoideachais comhionannas inscne a chur chun cinn ag baint úsáide as an straitéis príomhshruthaithe inscne.

Oiliúint Tosaigh do Mhúinteoirí

Tá an Roinn freagrach as beartais agus bearta éifeachtacha a cheapadh agus a chur i bhfeidhm chun soláthar leordhóthanach múinteoirí bunscoile a cáilithe agus oilte go cuí a chinntiú sa ghearrthéarma, meántéarma agus fadtéarma. Bíonn ardleibhéal cumarsáide agus idirghníomhaíochta, inter alia, leis na Coláistí Oideachais agus leis an gComhairle Múinteoireachta i gceist leis seo. Tá an Roinn freagrach freisin as beartais a bhaineann leis an gclár diplóma iarchéime do mhúinteoirí iarbhunoideachais a chuireann ranna oideachais na nOllscoileanna páirteacha ar siúl, a fheidhmiú.

Sa bhliain acadúil 2009/2010 rinne an Roinn soláthar arís i leith 490 áit ar an gcúrsa iarchéime sa mhúinteoireacht bunscoile.

An maoiniú iomlán do Choláistí Oideachais nach leis an Údarás um Ard-Oideachas (HEA) iad, do 2009 ná €10.3m.

Tionscadal Náisiúnta Píolótach ar Ionduchtú Múinteoirí (NPPTI)

An príomhchuspóir atá leis an gclár ná tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt ghairmiúil mhúinteoirí nuacháilithe trí thacaíocht chórasach a chur ar fáil le linn a gcéad bhliain mhúinteoireachta, rud a leagann bonn síos le haghaidh breis fáis agus forbartha ina dhiaidh sin. Rinne an Roinn infheistíocht de bhreis is €780,000 sa chlár sin i 2009. Tugadh Céim VII de NPPTI chun críche go rathúil i 2009.

Oiliúint Inseirbhíse do Mhúinteoirí:

Oibríonn an líonra Ionaid Oideachais faoi choimirce na Rannóige Oideachais do Mhúinteoirí sa Roinn agus feidhmíonn sé mar bhonneagar réigiúnach maidir le soláthar seirbhísí forbartha gairmiúla do mhúinteoirí agus seirbhísí eile tacaíochta do mhúinteoirí ag an leibhéal bunscoile agus an dara leibhéal.

Tá 21 ionad oideachais lánaimseartha agus 9 ionad páirtaimseartha ann go náisiúnta, a n-eagraítear iad i sé réigiún. Reáchtálar cláir náisiúnta athchóirithe churaclaim sna hionaid seo agus cuireann siad seirbhísí tacaíochta agus cúrsaí ar fáil a chlúdaíonn raon mór ábhar a bhaineann le múinteoireacht agus foghlaim.

Soláthraíodh maoiniú breis €4m sna hionaid in 2009 a chuir ar gcumas 2,262 cúrsa ar an iomlán a reáchtáil i rith na bliana, ar ghlac breis is 24,000 muinteoirí páirt iontu.

Leanadh ar aghaidh leis an gClár Cúrsa Samhraidh in 2009. Is é príomhchuspóir an chláir seo scileanna oideolaíochta (straitéisí treorach, nó stíl treorach) agus bainistíochta múinteoirí a chur chun cinn i gcomhthéacs obair na bunscoile.

Reáchtáladh 639 cúrsa samhraidh in 2009 agus páirt á glacadh ag os cionn 24,000 múinteoir iontu (d'fhreastail os cionn 10,000 ar chúrsa rialta agus bhain beagnach 14,000 acu leas as cúrsa ar líne).

Soláthraíodh maoiniú €1.65 milliún don tSeirbhís Tacaíochta d'Ábhair Theicneolaíochta (T4) i 2009. Cuireann T4, a reachtálann Ionad Oideachais na Gaillimhe tacaíocht ar fáil do mhúinteoirí agus scoileanna maidir leis na ceithre ábhar nua agus athbhreithnithe teicneolaíochta iarbhunscoile (Teicneolaíocht, Grafaic Dhearaidh & Chumarsáide (DCG), Teicneolaíocht Ailtireachta agus Teicneolaíocht Innealtóireachta) a fheidhmiú.

Scéim Aisíocaíochta Táillí do Mhúinteoirí

An aidhm atá leis an scéim seo ná maoiniú a chur ar fáil i leith costas cúrsaí agus táillí scrúduithe a chríochnaítear go rathúil cúrsaí forbartha inghairme atá faofa ag an Roinn agus ag údaráis scoile. Sa bhliain 2009 chuir an roinn maoiniú de €30,000 ar fáil do 422 iarrthóir rathúil san iomlán faoin scéim seo.

Oiliúint Cheannaireachta Scoile

Ó bunaíodh é i 2003, tá leathnú déanta ag an gclár um Fhorbairt Cheannaireachta i Scoileanna (LDS) ar an raon agus na tacaíochtaí a chuirtear ar fáil do cheannairí scoile. Tá deiseanna d'fhorbairt ghairmiúil struchtúrtha ar fáil do gach ceannaire scoile inár gcóras oideachais ón bpointe ceapacháin go dtí an lá scoir mar thoradh ar an infheistíocht atá déanta.

D'oibrigh LDS agus a mhacasamhail i dTuaisceart Éireann, an tAonad Oiliúna Réigiúnach (RTU) le chéile i 2009 chun cáipéis tairisceana a réiteach ag lorg tairiscintí ó ghrúpaí ábhartha leasmhara i leith gníomhaíocht taighde chun a fháil amach cén fáth a gcuireann múinteoirí áirithe iad féin chun tosaigh mar iarrthóirí ar phoist cheannaireachta agus nach gcuireann múinteoirí eile. Tar éis próisis tairisceana rathúil cuireadh tús leis an taighde. San áireamh sa tuairisc chríochnaithe beidh anailís neamhspleách ar bhealaí le ceannairí scoile a mhealladh sa dá dhlínse agus san áireamh beidh moltaí faoi chomhoibriú amach anseo chun deiseanna forbartha ceannródaíochta a fheabhsú.

Caitheadh breis is €1.4m ar chlár LDS i 2009 a d'éascaigh 52 clár dhá lá chónaitheacha agus 28 seimineár aon lae agus ar fhreastail 3,083 rannpháirtí orthu san iomlán.

An tSeirbhís Náisiúnta Tacaíochta Iompraíochta (NBSS)

Tá an tseirbhís a bunaíodh i 2006 mar chuid de chreatlach chomhleanúnach fhoriomlán náisiúnta tacaíochta do scoileanna a bhfuil deacrachtaí acu maidir le dul i ngleic le cur isteach leanúnach agus tromchúiseach ó dhaltaí. Tá cleachtóirí sainoilte ó réimsí ar fud na hearnála oideachais ar fhoireann an seirbhíse. Sholáthair an Roinn thart ar €800,000 in 2009 chun an tseirbhís seo a mhaoiniú.

Tionscadal Mata a Thabhairt Isteach i Scoileanna Píolótacha

Is tionscnamh ceannródaíoch um fhorbairt churaclaim é *Tionscadal Mata* i Matamataic iarbhunscoile. Déanfar forbairt incriminteach ar shiollabais athbhreithnithe i Matamataic an Teastais Shóisearaigh agus na hArdeistiméireachta chomh maith le clár suntasach forbartha gairmiúla múinteoirí a chur ar fáil mar

chuid den tionscadal, atá ar sceideal le feidhmiú ó 2008 go dtí 2013 ar a laghad. Cuirfidh an tionscadal athru siollabais i bhfeidhm i matamataic iarbhunscoile ar bhonn céimnithe. Beidh taithí sa seomra ranga mar bhonn eolais don athbhreithniú siollabais agus tabharfar athruithe ar mheasúnu de réir athruithe ar shiollabais agus tacóidh siad leo. Tugadh isteach Sraithaonaid 3 agus 4 den churaclam sna 24 scoil phíolótacha i Meán Fómhair 2009. Cuireadh forbairt ghairmiúil ar fáil do gach múinteoir Mata i 2009 mar réamhchéim do chur i bhfeidhm chéad chéim Tionscadal Mata i ngach scoil ó Mheán Fómhair 2010. Tosóidh scrúduithe an Teastais Shóisearaigh agus na hArdteistiméaraigh ag athrú do na scoileanna píolótacha ó 2010 agus 2011 faoi seach agus do na scoileanna eile uile ó 2012 agus 2013.

An Roinn a bhunaigh an tionscadal i gcomhar leis an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (NCCA) atá i gceannas ar chur i bhfeidhm an tionscadail.

Comhtháthú leanúnach ar an tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil

Ó Mheán Fómhair 2009 rinneadh an Clár um Chosc ar Mhí-Úsáid Substaintí (SMPP) agus an Clár um Chosc ar Mhí-Úsáid Leanaí (CAPP) a chomhshnaidhm isteach sa tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil Bhunscoile (PPDS).

Ag leibhéal an iarbhunoideachais rinneadh an Tionscnamh Pleanála Forbartha Scoile, an tSeirbhís Tacaíochta um Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte agus an tSeirbhís Tacaíochta um Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta agus an tSeirbhís Tacaíochta um Chorroideachas na Sraithe Sóisearaí a chomhshnaidhm isteach sa tSeirbhís Tacaíochta Dara Leibhéal.

ICT a chomhtháthú mar chuid den mhúinteoireacht agus foghlaim

Deartar an **Clár um ICT i Scoileanna**, ar cuireadh tús leis i 1998, chun deis a chur ar fáil do dhaltáí chun litearthacht ríomhaireachta a ghnóthú agus chun na riachtanais a bhfuil gá leo chun páirt a ghlacadh sa tSochaí Faisnéise a fháil. Déantar iarracht straitéisí a bhaint amach trí obair Rannóg Beartas ICT na Roinne agus an Ionaid Náisiúnta do Theicneolaíocht in Oideachas (NCTE), i gcomhar le gníomhaireachtaí eile, seirbhísí tacaíochta agus comhlachtaí ionadaíochta de réir mar is cuí.

Is céim riachtanach chun cinn laistigh de straitéis na Roinne chun ICT a chomhtháthú sa mhúinteoireacht agus san fhoghlaim é **soláthar an leathanbhanda do scoileanna**. Cuireadh tús le feidhmiú céimneach na nascachta leathanbhanda i mí an Mheithimh 2005 tar éis an phróisis soláthair. Tá os cionn 99% de scoileanna nasctha leis an Líonra trí mheascán teicneolaíochtaí DSL, gan sreang agus satailíte. Tá nascacht scoileanna á ródú leis an Idirlíon faoin gClár trí Líonra Náisiúnta Leathanbhanda, a d'fhorbair HEAnet. Nasctar gach scoil leis an líonra trí ródaire leathanbhanda ardluais a sholáthraítear don scoil agus choimeádtar sa scoil, chomh maith le nasc rochtana leathanbhanda. Soláthraíonn an Líonra seirbhísí a bhainistítear go lárnach do scoileanna, cosúil le scagadh slándála, frith-thurscair / frith-víris agus ábhair. Ba €7.8m costas iomlán an chláir i 2009.

Reáchtáladh próiseas soláthair iomaíoch do Chéim II de Chlár Leathanbhanda Scoileanna i 2009. Tá na soláthraithe nua seirbhíse tosaithe ar na conarthaí a leathadh amach agus táthar ag súil go mbeidh coigiltis shuntasacha ar an gClár i 2010 mar aon le luais bhandaleithid níos fearr do líon mór scoileanna agus laghdú ar líon na scoileanna a bhfuil seirbhís satailíte acu.

I Meitheamh 2009 d'fhoilsigh an Rialtas Páipéar Beartas ina leagtar amach creat oibre an Rialtais don athrú go Leathanbhanda don Chéad Ghlúin Eile. San áireamh ann bhí moladh go bhfeisteofaí scoileanna dara leibhéal le 100 Mbps de cheangal leathanbhanda agus le Líonraí Ceantair Logánta (LAN) ar bhonn céimnithe. Cuirfidh sé seo ar chumas daltaí a bheith ag foghlaim agus ag comhoibriú ar-líne agus tabharfaidh sé deis cineálacha nua comhoibrithe a dhéanamh idir scoileanna.

Tá an Roinn ag obair leis an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha ar thionscadal píolótach chun 100 Mbps ceangal leathanbanda a leathadh amach go 78 iarbhunscoil. Bronnadh conarthaí i 2009 agus tá leathadh amach na seirbhíse tosaithe le súil go mbeidh na 78 scoil ar fad ceangailte faoi lár 2010.

I Mí na Samhna 2009 d'fhoilsigh an Roinn an tuarascáil '*Scoileanna Cliste = Geilleagar Cliste*' ina bhfuil moltaí ábhartha faoin dóigh is fearr le cumas an ICT a úsáid i scoileanna. An chéad chéim le maoiniú a chur ar fáil le haghaidh ICT i scoileanna mar atá molta sa tuarascáil seo fuair bunscoileanna deontais de €2m le ríomhairí glúine, teilgeoirí digiteacha agus trealamh eile ICT a cheannach.

Trí **Thionscnamh Scileanna Múinteoireachta** an NCTE líonadh breis is 12,000 áit oiliúna múinteoirí i 2009. Tugann an oiliúint seo, lena n-áirítear cúrsaí teicniúla, cúrsaí ábhair ar leith, cúrsaí idirlín, dearadh gréasáin agus meáin dhigiteacha, aghaidh ar riachtanais shonracha múinteoirí agus iad ag baint úsáide as ICT.

Sa bhreis air sin tá ról an mhúinteora chomhordaithe ICT sa scoil, le tacaíocht an phríomhoide, á thabhairt chun tosaigh le bheith lárnach ó thaobh sholáthar tacaíocht leanúnach agus comhairle ICT do mhúinteoirí. Sa chomhthéacs sin reáchtáladh seimineáir ar fud na tíre i 2008 a dhírigh ar mhúinteoirí comhordaithe ICT in iarbhunscoileanna agus ar phríomhoidí/múinteoirí bunscoile i 2009. Dhírigh na seimineáir ar fhorbairt Phlean e-Fhoghlama na scoile; ról ríthábhachtach an phríomhoide; creataí soláthair; úsáid as forbairt ghairmiúil ICT; uirlisí agus acmhainní ar-líne do mhúinteoirí agus do pháistí; samplaí de chomhtháthú ICT agus tacaíochtaí atá ar fáil do mhúinteoirí agus do scoileanna.

Leanann an tairseach *Scoilnet*, - príomhphointe rochtana in oideachas na hÉireann dóibh sin atá ag lorg acmhainní foghlama ábhartha don churaclaim - atá á bhainistiú ag NCTE, ag fás, le trácht imithe i méid ó circa 1 milliún cuairt i 2006 go dtí 1.89 milliún cuairt i 2009. Tá breis is 11,000 acmhainn a bhfuil léirmheas déanta ag múinteoirí orthu ar fáil i stór Scoilnet.

Seoladh tairseach gréasáin Scoilnet *German.ie* do mhúinteoirí agus do dhaltaí Gearmáinise in Éirinn i 2009. Is de thoradh comhoibriú idir an NCTE, an Roinn Oideachais agus Eolaíochta (DES), an Institiúid Goethe, Cumann na Múinteoirí Gearmáinise agus Ambasáid na hOstaire in Éirinn atá forbairt déanta ar an láithreán. Is í an Ghearmáinis an dara teanga is mó de na teangacha nua-aimseartha a ndéantar staidéar orthu sna scoileanna dara leibhéal agus leagann an láithreán, atá dírithe ar an gcuraclaim, béim ar fhoghlaim trí thopaicí inspéise do dhaltaí, ar nós cultúr na hóige sa Ghearmáin, faisean agus ceol.

D'fhoilsigh an NCTE Lámhleabhar e-Fhoghlaim i Samhain 2009 ina leagtar amach an próiseas pleanála d'e-Fhoghlaim i scoileanna agus tá forbairt déanta air i gcomhoibriú le tionscadail pleanála forbartha scoile ag leibhéal an bhunoideachais agus an iar-bhunoideachais (PPDS & SDPI/SLSS). Tugann sé treoir céim ar chéim faoi fhorbairt plean e-Fhoghlaim na scoile agus cuireann sé síos ar phríomhróil agus freagairtí gach duine atá páirteach i bhforbairt an phlean.

Tugann **Gradam na Scoileanna Digiteacha** aitheantas do chur chuige sármhaith scoileanna i gcomhtháthú ICT sa bhfoghlaim agus sa mhúinteoireacht. I rith na bliana 2009 bronnadh gradaim ar ocht scoil bhreise, rud a thugann líon iomlán na Scoileanna Digiteacha go caoga sé. I 2009 cuireadh maoiniú €1.58m ó Chuntais Dhíomhaoine ar fáil do 100 scoil atá ag freastal ar na ceantair is mó atá faoi mhíbhuntáiste ar mhaithe le cúnaimh aonuaire a thabhairt dóibh le dul i dtreo an gradam a bhaint amach.

Anuas air sin lean NCTE ar aghaidh ag tabhairt tacaíochta do **Webwise** (www.webwise.ie) Nód Feasacht Sábháilteachta Idirlín na hÉireann de *Insafe* (gréasán nód feasachta sábháilteacht idirlín na hEorpa) agus do réimse tionscadal nuálach eile i rith na bliana 2009.

An tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais (NEPS)

Cuireadh NEPS ar bun i 1999 chun cuidiú le forbairt phearsanta, shóisialta agus oideachais gach páiste i mBunscoileanna agus in Iarbhunscoileanna trí theoiric agus cleachtadh síceolaíochta in oideachas a chur i bhfeidhm, ag féachaint go háirithe do pháistí le riachtanais speisialta oideachais.

Tá fáil ag bunscoileanna agus iarbhunscoileanna uile ar mheasúnuithe síceolaíochta go díreach tríd an síceolaí NEPS atá sannta dóibh nó tríd an Scéim chun Measúnuithe Síceolaíochta a Choimisiúnú (SCPA). Is féidir le scoileanna nach bhfuil síceolaithe NEPS sannta dóibh feidhm a bhaint as SCPA inar féidir leis an scoil ball de phainéal de shíceolaithe príobháideacha atá faofa agus íoctha ag NEPS a fháil chun an measúnú a dhéanamh. Cuireann NEPS cúnaimh ar fáil, ach é a iarraidh, do scoileanna nó do phobail scoileanna go dteagmhaíonn an mhí-ádh leo.

Tá príomh-fhócas NEPS dírithe ar luathidirghabháil leis na daltaí agus leis an bhfoireann i scoileanna chun acmhainn daltaí a uasmhéadú, chun troid in aghaidh na teipe ar scoil agus chun géarchéimeanna móra do pháistí agus do dhaoine óga a sheachaint. Sa chomhthéacs sin tá doiciméad creata darb ainm *Special Education Needs - A Continuum of Support* foilsithe ag an Roinn. Tugann na treoirlínte sin leanúnachas don phróiseas measúnaithe agus idirghabhála a thugann aitheantas do ról lárnach an mhúinteora ranga le tacaíocht, nuair is cuí, ó pearsanra riachtanais speisialta na scoile agus ó gníomhaireachtaí taobh amuigh den scoil. Tagann an cur chuige sin ón gcur chuige trí-chéimneach ar mheasúnú agus idirghabháil a bhfuil cur síos déanta air i Samhail Seirbhíse NEPS. Tá síceolaithe ar fáil chun tacaíocht a thabhairt do scoileanna ag gach céim den phróiseas sin trí chomhairliúchán le múinteoirí agus le tuismitheoirí. Oibríonn síceolaithe le scoileanna agus le múinteoirí chomh maith chun an cur chuige sin a fhorbairt. Trí úsáid a bhaint as an módúil comhchomhairleach is féidir comhairle agus saineolas síceolaíochta a chur ar fáil do i bhfad níos mó páistí ná a d'fhéadfaí trí chásobair le páistí aonair agus sin amháin.

Cuireann NEPS cúnaimh ar fáil, ach é a iarraidh, do scoileanna nó do phobail scoileanna go dteagmhaíonn an mhí-ádh leo agus déanann sé próiseáil ar iarratais ar Chóiríocht Réasúnta do Scrúduithe Teastais (RACE) agus freagraíonn sé ceisteanna i dtaobh páistí aonair ó rannóga eile na Roinne agus ó ghníomhaireachtaí speisialtacha. Anuas ar sin cuireann NEPS le forbairt pholasaí, déanann sé réimse leathan feidhmeanna comhairleacha agus comhchomhairleacha le rannáin eile sa Roinn agus lena gníomhaireachtaí, go háirithe i réimse soláthair riachtanais speisialta.

Don scoilbhliain 2009/2010 bhí síceolaithe NEPS sannta do 74% de bhunscoileanna (ina raibh 83% de na daltaí) agus do 92% de iarbhunscoileanna (ina raibh 93% de na daltaí) agus bhí ardú an-bheag ansin ar an mbliain roimhe sin.

I rith na scoilbhliana 2008/2009 bhí síceolaithe NEPS rannpháirteach i dtarchuir (cásobair) i leith isteach is amach le 7,433 dalta ainmnithe agus meastar gur rinne siad idirghabhálacha agus thug siad comhairle i leith 7,000 dalta eile nach raibh ainmnithe. Maoiníodh isteach is amach le 2,694 measúnú faoi SCPA ar chostas thart ar €0.9m.

Anuas air sin rinne siad moltaí i leith, isteach is amach le, 4,095 dalta breise faoin scéim Cóiríocht Réasúnta do Scrúduithe Teastais (RACE) ar son an Choimisiúin um Scrúduithe Stáit.

Cuspóir 1.3: Acmhainní spriocdhírthe a sholáthar chun uilechuimsitheacht shóisialta a chur chun cinn inár scoileanna

Comhionannas Deiseanna a Sholáthar i Scoileanna - DEIS

Sheol an Roinn DEIS in 2005, ar plean gníomhaíochta é a thugann aghaidh ar riachtanais oideachais leanaí agus daoine óga ó phobail faoi mhíbhuntáiste. Tá an plean gníomhaíochta seo á chur i bhfeidhm ar bhonn céimnithe thar thréimhse cúig bliana. Sholáthair an Roinn cúnamh airgeadais do scoileanna, faoin tionscnamh sonrach seo, arbh ionann é agus os cionn €21.5m i scoilbhliain 2009/10. Tá na bearta a gcuirtear síos orthu thíos á gcur i bhfeidhm mar chuid de phlean gníomhaíochta DEIS.

- Cóimheas laghdaithe dalta i gcomparáid le múinteoir i limistéir uirbeacha is mó atá faoi mhíbhuntáiste
- Leithdháileadh príomhoidí riaracháin ar fhigiúirí níos ísle ná a bhaineann le bunscoileanna i limistéir uirbeacha de ghnáth
- Maoiniú breise caipitíochta bunaithe ar leibhéal an mhíbhuntáiste
- Maoiniú breise do leabhair scoile
- Rochtain ar an gClár Béilí Scoile
- Rochtain ar thacaíochtaí agus bearta uimhearthachta/litearthachta ag an leibhéal bunscoile
- Rochtain ar sheirbhísí Teagmhála Baile, Scoile agus Pobail (HSCL)
- Rochtain ar an gClár Críochnaithe Scoile (SCP)
- Soláthar feabhsaithe treoirchomhairleoireachta ag an leibhéal iarbhunscoile
- Rochtain ar thacaíochtaí pleanála
- Soláthar do thacaíocht leabharlainne agus leabharlannaí scoile ag an dara leibhéal
- Rochtain ar Clár Scoile an Teastais Shóisearaigh (JCSP) agus an Ardteistiméireacht Fheidhmeach
- Rochtain ar raon tacaíochtaí forbartha gairmiúla

Chomh maith leis an Roinn, tá roinnt gníomhaireachtaí eile bainteach i dtionscnamh DEIS, lena n-áirítear an Tionscnamh Pleanála Forbartha Scoile (SDPI), an tSeirbhís Tacaíochta Dara Leibhéal (SLSS) agus an tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil Bhunscoile (PPDS).

Tá an PPDS, atá freagrach as cúnamh a sholáthar sa réimse maidir le hathrú curaclaim a chur i bhfeidhm, freagrach chomh maith as cur i bhfeidhm agus comhordú straitéisí litearthachta agus uimhearthachta. Áirítear orthu sin:

- **An Clár Athshlánú Léitheoireachta**, ar idirghabháil scoilbhunaithe é a dearadh chun fadhbanna litearthachta a laghdú laistigh den chóras oideachais. Is idirghabháil luath é a chuireann tréimhse dianmhúinteoireachta aonair ar fáil do leanaí a bhfuil deacrachtaí ar leith acu le léitheoireacht agus scríbhneoireacht tar éis dóibh bliain amháin a chaitheamh ar scoil.
- **An Clár Céimeanna Tosaigh**, a thugann aghaidh ar riachtanais litearthachta i mbunscoileanna. Áirítear cúrsaí forbartha gairmiúla agus ábhair thacaíochta do mhúinteoirí bunscoile air. Cuireann sé modh cruinn ar fáil do mhúinteoirí chun inniúlachtaí agus dul chun cinn leanaí i léitheoireacht, scríbhneoireacht, litriú agus teanga labhartha a mheasúnú agus chun monatóireacht a dhéanamh air.

- **An Clár Athshlánú Mata**, ar forbraíodh é mar fhreagairt chórasach ar fhadhb na teipe tromchúisí i matamataic scoile. Soláthraíonn sé clár dianmhúinteoireachta aonair do dhaltaí chun iad a thabhairt ar aghaidh chuig leibhéal ar ar dócha go n-éireoidís leo foghlaim i rang rialta.
- **An Clár Mata Réidh Ar Aghaidh**- is clár idirghabhála é a bhfuil lámhleabhar praiticiúil treorach do mhúinteoirí mar chuid de maidir le húsáid raon gníomhaíochtaí agus ábhar chun cur ar a gcumas caighdeán agus éifeachtúlacht na luathfhoghlama in uimhreacht do leanaí a fheabhsú.

Leagann na staitisticí seo a leanas béim ar an tionchar a imríonn DEIS ar fud na tíre:

- Freastalaíonn 105,400² leanbh ag an leibhéal bunscoile ar scoileanna a bhaineann leas as bearta bearta breise chun míbhuntáiste oideachais a chomhrac
- Freastalaíonn 61,000 dalta ag an leibhéal iarbhunscoile ar scoileanna a bhaineann leas as bearta breise chun míbhuntáiste oideachais a chomhrac
- Tá 679 múinteoir ranga breise ceaptha ag an leibhéal bunscoile
- Tá 136 múinteoir ranga breise ceaptha ag an leibhéal iarbhunscoile
- Tá 30 Príomhoide Riaracháin breise ceaptha, ar fhiigiúirí níos ísle cláraithe agus foirnithe ná a bhaineann le bunscoileanna go ginearálta, i mbunscoileanna uirbeacha DEIS
- Tá seirbhísí 450 Comhordaitheoir Teagmhála Baile, Scoile agus Pobail/Tuaithe ar fáil do 151,000 leanbh i 881 scoil DEIS
- Tá rochtain ag 180,000 leanbh agus daoine óga a fhreastalaíonn ar 692 scoil (224 iarbhunscoil agus 468 bunscoil) ar an SCP
- Díriodh go sonrach faoin SCP ar thart ar 35,000 leanbh agus duine óg, a raibh baol ann go bhfágfaidís an scoil go luath, le haghaidh dian-idirghabhálacha agus spriocdhíríodh idirghabhálacha eile ar bhonn scoile uile
- Díriodh ar thart ar 800 duine óg faoin SCP a roghnaigh an scoil a fhágáil faoin SCP chun idirghabhálacha a dhéanamh leo, ag féachaint dóibh a thabhairt ar ais san áireamh sa chóras oideachais
- Roinn 679 bunscoil íocaíochtaí arbh ionann iad agus beagnach €1 milliún i gcúnamh deontais breise chun aghaidh a thabhairt ar mhíbhuntáiste oideachais. Bhí 38,910 dalta incháilithe sna scoileanna sin arbh ionann é agus 38.4% den chláir iomlán do na scoileanna seo
- Roinn 202 iarbhunscoil íocaíochtaí a raibh beagnach €3.5 milliún i gcúnamh deontais breise i gceist leo chun aghaidh a thabhairt ar mhíbhuntáiste oideachais. Bhí 21,000 dalta incháilithe sna scoileanna sin arbh ionann é agus 34% den chláir iomlán do na scoileanna seo
- Dáileadh íocaíochtaí de thart ar €7m ar 673 bunscoil DEIS agus 202 iarbhunscoil DEIS chun tacú le páistí leochaileacha trína chinntiú gur leanadh ag cur leabhar scoile ar fáil do pháistí faoi mhíbhuntáiste.
- Bhí an clár Athshlánú Léitheoireachta á chur i bhfeidhm go gníomhach ag 228 bunscoil DEIS ag deireadh 2009. Cuireadh tús le hoiliúint i 54 scoil i rith na bliana.
- Chuir 104 bunscoil DEIS Céimeanna Tosaigh Léitheoireachta i bhfeidhm in 2009
- Chuir 30 bunscoil DEIS Céimeanna Tosaigh Scríbhneoireachta i bhfeidhm in 2009
- Chuir 6 bunscoil DEIS Céimeanna Tosaigh Labhartha agus Éisteachta i bhfeidhm in 2009
- Tá iomlán 332 bunscoil DEIS istigh sa chlár Céimeanna Tosaigh anois.
- Tá iomlán 272 scoil DEIS ag cur an chlár Athshlánú Mata i bhfeidhm go gníomhach anois.
- Tá JCSP á chur i bhfeidhm i 182 scoil DEIS.
- Tá 24 scoil DEIS páirteach faoi láthair sa tionscadal Leabharlann Taispeántais JCSP

² San áireamh sna figiúirí a cuireadh ar fáil i dTuarascáil Bhliantúil 2008 a bhain le daltaí bhí daltaí a bhí ag freastal ar 1,900 bunscoil a bhain leas as breis capitíochta a soláthraíodh chun tacú le mí-bhuntáiste scaipthe sna scoileanna. Ó tharla go bhfuil an soláthar seo anois tarraingthe siar tá leasú déanta ar fhiigiúirí 2009 dá réir.

Rinneadh suirbhé i mí na Bealtaine 2009 ar bhunscoileanna nua agus nua-chónasctha a bunaíodh ó 2008 i leith. Cuireadh ceann de na scoileanna seo san áireamh i sraith uirbeach Bhanna 1 DEIS, ceithre cinn i mBanna 2 agus péire sa tsraith Thuaithe tar éis anailíse a rinne an Foras Taighde ar Oideachas (ERC) ar na sonraí.

An Bord Náisiúnta Leasa Oideachais (NEWB)

Bunaíodh NEWB i 2002 agus tá feidhm reachtúil aige chun a chinntiú go bhfreastalaíonn gach páiste ar scoil nó go bhfaigheann sé oideachas ar bhealach eile. Go háirithe, tá ról ríthábhachtach ag an mBord chun déileáil le páistí nach ndéanann freastal ar scoil go rialta agus in áit a bhfuil inní faoi leas oideachais an pháiste.

I mBealtaine 2009 rinne an tAire Stáit Seán Haughey, T.D. réimse freagrachta NEWB a leathnú. Ó thús na bliana acadúla 2009/2010 thug an réimse nua freagrachta le chéile an tSeirbhís Múinteora Cuairte don Lucht Siúil (VTST), an tSeirbhís Idirchaidreamh Baile, Scoile, Pobail (HSCL) agus an Clár Críochnú Scoile (SCP) chomh maith leis an tSeirbhís Náisiúnta Leasa Oideachais (EWS) faoi fhoireann bainistíochta comónta amháin. Ar an gcaoi sin rinne sé foráil do threo amháin straitéiseach atá níos dírithe ar leibhéal áitiúil, réigiúnach agus náisiúnta, agus a léiríonn go comhionann nádúr agus láidreacht gach ceann de na seirbhísí. An bhunreásúnaíocht leis an gcur chuige aonair straitéiseach seo ná le toradh níos fearr a thabhairt do pháistí, teaghlaigh agus scoileanna. Beidh seirbhís tacaíochta oideachais páiste-lárnach agus teaghlach-lárnach, a bhainfidh úsáid as scileanna, saineolas agus eolas na gceithre sheirbhís, ina príomhchuid den straitéis nua. Tugann an cur chuige nua comhtháite deis díriú níos fearr ar pháistí nach bhfuil ag baint leas as oideachas agus déanann sé cinnte go dtugtar tacaíocht chuí do na paistí sin chun a gcumas oideachais a uasmhéadú.

Chuir an roinn maoiniú de €9.9m ar fáil do NEWB i 2009.

Alt 29 Achomhairc

Tugann Alt 29 den Acht Oideachais 1998 cead achomharc a dhéanamh chuig Ard-Rúnaí na Roinn Oideachais agus Eolaíochta i leith cinneadh Bord Bainistíochta dalta a eisiamh go buan ón scoil, dalta a chur ar fionraí ón scoil ar feadh tréimhse a thabharfadh líon iomlán na laethanta a bheadh sé ar fionraí go 20 lá scoile in aon scoilbhliain, nó a dhiúltaigh dalta a chlárú.

I rith na bliana rinneadh achomhairc faoi Alt 29 a phróiseáil agus a éisteacht go tráthúil agus go gairmiúil, de réir frámaí ama agus coinníollacha reachtúla ag cinntiú cearta achomhairc do thuismitheoirí i leith cinntí a rinne scoileanna a d'fhéadfadh tionchar suntasach a imirt ar thodhchaí oideachais a bpáistí sa mhéid is a bhaineann siad le cinntí páistí a eisiamh nó a chur ar fionraí ón scoil nó diúltú iad a chlárú ar scoil.

Glacadh le 390 achomharc faoi Alt 29 i 2009. Bhain 266 de na hachomhairc le hiarbhunscoileanna agus bhain 124 le bunscoileanna. Tugadh 218 achomharc chuig éisteacht iomlán agus astu sin seasadh le 72 achomharc. Réitíodh 31 trí shocruithe áitiúla, réitíodh 53 trí éascú agus tarraingíodh siar 88.

Teagasc Baile

Oibríonn an Roinn scéim³ theagasc baile do pháistí nach bhfuil áiteanna scoile acu faoi láthair. Seoltar iarratais ar theagasc baile faoin scéim seo trí oifigí áitiúla an Bhoird Náisiúnta Leasa Oideachais. Ní mór

³ Féach freisin leathanach 19 re Scéim Oideachas Speisialta Teagasc Baile

d'iarrthóirí a bheith gníomhach ag lorg áit scoile agus gan aon tairiscint ar áit scoile a bheith faighte acu. Cuirtear teagasc baile ar fáil ar bhonn sealadach amháin go dtí go bhfaightear áit scoile. Cuireann an scéim seo teagasc baile ar fáil chomh maith i gcás cailíní scoile a bheadh ag freastal ar scoileanna aitheanta agus a bheadh torrach agus go mb'fhéidir go gcaithfeadh siad am a ghlacadh ón scoil de bharr a dtoirchis. Bhain thart ar 400 dalta feidhm as an scéim seo sa scoilbhliain dár críoch Meitheamh 2009. Chosain an scéim €1.3m ar an Roinn i 2009.

Cuspóir 1.4: Cóiríocht agus Saoráidí cuí a sholáthar le haghaidh oideachas ardchaighdeán a sheachadadh

Infheistíodh €526m san iomlán i mbonneagar scoile i 2009. Chuir críochnú 33 tionscadal mórscála 11,950 áit scoile buan agus saoráidí feabhsaithe ar fáil. Sa bhreis air sin críochnaíodh 2,466 tionscadal ar scála níos lú a chuir 9,968 áit scoile eile ar fáil.

Tugadh isteach an **Scéim Éifeachtacht Fuinnimh** i 2009 agus ceadaíodh leibhéal inslithe díonta agus cuasbhallaí a fheabhsú i 1,500 bunscoil agus 370 iarbhunscoil ar fad. Sa bhreis air sin tugadh ar ais an **Scéim Oibreacha Samhraidh** a cuireadh ar fionraí i 2008 agus bhain 967 scoil leas as.

Tionscadail Mhórscála

Críochnaíodh an obair ar 26 tionscadal mórscála bunscoileanna i 2009 a chuir 5,936 áit scoile bhuan ar fáil i scoileanna nua (4,732 áit bhreise san áireamh) agus áiteanna scoile buana agus saoráidí feabhsaithe ar fáil i scoileanna a bhí ann roimhe sin do 1,064 dalta.

Críochnaíodh an obair ar 7 dtionscadal mórscála iarbhunscoileanna i 2009 a chuir 2,525 áit scoile bhuan ar fáil i scoileanna nua (1,350 áit bhreise san áireamh) agus áiteanna scoile buana agus saoráidí feabhsaithe ar fáil i scoileanna a bhí ann roimhe sin do 2,425 dalta.

Tionscadail ar Scála níos Lú

Críochnaíodh 1,672 tionscadal ar scála níos lú i 2009 agus áirítear orthu sin soláthar 9,968 áit bhreise bunscoile faoin Scéim um Chóiríocht Bhuan, an Scéim um Chóiríocht Bhreise agus Scéim na Scoileanna Beaga.

Críochnaíodh 794 tionscadal ar scála níos lú ag leibhéal iarbhunscoileanna i 2009.

An Clár DART (Dearadh, Feasacht, Taighde & Teicneolaíocht)

Tá an Roinn chun tosaigh i gcúrsaí dearaidh maidir le héifeacht fuinnimh inmharthana i bhfoirgnimh scoileanna agus tá aitheantas tugtha don fheidhmíocht sin ag leibhéal Náisiúnta agus Idirnáisiúnta. Leag Treoir-Dhoiciméid Theicniúla na Roinne síos an tslat tomhais i leith dearaidh inmharthana i bhfoirgnimh scoileanna le fócas glan ar éifeacht fuinnimh agus tá siad bunaithe ar thionscadail taighde fuinnimh láidre. Tá beartas na Roinne ag fáil tacaíochta ó chlár láidir taighde le tríocha naoi tionscadal taighde ag staidéanna difriúla, láithreán gréasán fuinnimh na Roinne san áireamh ag www.energyeducation.ie. Caithfidh bunscoileanna a ndeartar agus a dtógtar de réir Treoir-Dhoiciméid Theicniúla na Roinne do Scoileanna Rátáil Fuinnimh Foirgneamh A3 a bhaint amach agus is féidir leo a bheith níos mó ná dhá oiread chomh héifeachtach i leith fuinnimh le scoileanna a dtógtar de réir sárchleachtais idirnáisiúnta. Déantar gach teicneolaíocht agus cur chuige nua a thástáil chun comhoiriúint le dearadh scoile agus le riachtanais oibríocha a chinntiú. Déantar torthaí fóna ar féidir a dhéanamh arís a ionchorprú isteach i ngach dearadh nua agus athchóiriú scoile.

Ón 1 Eanáir 2009 ní mór do gach foirgneamh neamhthís atá á thógáil, á ligean ar cíós, nó á dhíol Teastas Fuinnimh Foirgneamh a chur ar fáil atá bunaithe ar chumas fheidhmíocht fuinnimh an fhoirgnimh nuair a ghlactar le gnáth leibhéal áitíochta. Déileáiltear le Foirgnimh Phoiblí ar bhealach beagán difriúil mar teastaíonn Teastas Taispeána Fuinnimh (DEC) atá bunaithe ar fheidhmíocht oibríoch an fhoirgnimh, bunaithe ar ídiú fuinnimh, ó na foirgnimh sin, scoileanna san áireamh. Chun scoileanna a éascú a gceanglais dlíthiúla a chomhlíonadh agus le DEC a líonadh dá scoil féin, sheol an Roinn, i gcomhpháirt le Fuinneamh Inbhuanaithe Éireann www.energyeducation.ie in 2009.

Cuspóir 1.5: Raon acmhainní agus tacaíochta a sholáthar d'fhoghlaimoírí a bhfuil riachtanais speisialta acu.

Tacaíochtaí Oideachais

Tá an Roinn tiomanta do chinnte a dhéanamh de gur féidir leis na leanaí go léir a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu rochtain a fháil ar oideachas atá oiriúnach dá riachtanais, go hinmhianaithe i dtimpeallacht scoile tríd an líonra bunscoile agus iarbhunscoile.

Déanann an Roinn soláthar do raon tacaíochtaí agus seirbhísí oideachais do leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu, lena n-áirítear múinteoirí, cúntóirí riachtanas speisialta, teicneolaíocht oiriúnaitheach, saintrealamh, trealamh feabhsaithe agus socruithe speisialta iompair.

Bunaíodh an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (NCSE) i 2003 chun feabhas a chur ar sheachadadh seirbhísí le haghaidh daoine le riachtanais speisialta oideachais de bharr mí-chumais, le béim ar leith ar pháistí. Cuirtear na seirbhísí ar fáil trí ghréasán náisiúnta Eagraithe Riachtanais Speisialta Oideachais (SENO) a ndéanann idirghníomhú le tuismitheoirí agus le scoileanna agus a mbíonn idirchaidreamh acu le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte le hacmhainní a sholáthar chun tacú le páistí le riachtanais speisialta oideachais. Bhí costas maoinithe €9.25m ar an Roinn i leith NCSE i 2009.

Ón 31/12/09, bhí 8,657 múinteoir tacaíochta foghlama/acmhainne coibhéis lánaimseartha i mbunscoileanna agus iarbhunscoileanna príomhshrutha. Ina theannta sin, soláthraíonn 1,159 múinteoir eile oideachas do pháistí a fhreastalaíonn ar scoileanna speisialta.

Faigheann páistí a bhfuil riachtanais speisialta cúraim acu tacaíocht ó Chúntóirí Riachtanas Speisialta (SNA) chomh maith. Ag deireadh 2009 bhí os cionn 10,300 cúntóir riachtanas speisialta i mbunscoileanna, iarbhunscoileanna agus scoileanna speisialta.

Soláthraíonn an *Scéim Oideachais Speisialta Teagasc Baile* maoiniú do thuismitheoirí chun oideachas a sholáthar sa bhaile do leanaí, nach bhfuil in ann freastal ar scoil ar chúiseanna éagsúla, cosúil le tinneas ainsealach. Leathnaíodh an scéim le blianta beaga anuas chun éascaíocht a dhéanamh do theagasc do leanaí atá ag feitheamh ar shocrú oiriúnach oideachais agus chun luath-idirghabháil a sholáthar do leanaí réamhscoile le huathachas. Bhain thart ar 750 dalta leas as an *Scéim Oideachais Speisialta Teagasc Baile* seo i rith na bliana scoile dar críoch mhí an Mheithimh 2009. B'ionann an costas a bhain leis an gclár seo a fheidhmiú in 2009 agus thart ar €7.4m.

Tá *Clár Oideachais Mhí Iúil* ar fáil do gach scoil speisialta agus bunscoil phríomhshrutha ina bhfuil ranganna speisialta a fhreastalaíonn ar leanaí le huathachas a roghnaíonn a seirbhísí oideachais a shíneadh le linn mhí Iúil. Déanann an Roinn soláthar chomh maith do Chlár mhí Iúil do dhaltaí atá faoi mhíchumas foghlama ginearálta géar/trom. I gcás nach bhfuil soláthar scoilbhunaithe indéanta, féadtar cúnaimh deontais a chur ar fáil do sholáthar bailebhunaithe tríd an scéim teagaisc sa bhaile. Ghlac 17 scoil bhreise

páirt sa chlár scoil-bhunaithe i 2009 chun líon iomlán na scoileanna a mhéadú go 121 agus bhain 1530 páiste feidhm as teagasc baile chlár Oideachais Mhí Iúil i 2009. Bhí costas iomlán isteach is amach le €7m ar an gclár i 2009.

An tSeirbhís Tacaíochta Oideachais Speisialta (SESS)

An ról atá ag an tSeirbhís Tacaíochta Oideachais Speisialta (SESS) ná caighdeán na foghlama agus na múinteoireachta a fheabhsú i ndáil le soláthar oideachais speisialta. Déanann an tseirbhís comhordú, forbairt agus seachadadh ar raon tionscnamh forbartha gairmiúla agus struchtúr tacaíochta le haghaidh pearsanra scoile a bhíonn ag obair le daltaí le riachtanais speisialta i mbunscoileanna agus in iarbhunscoileanna príomhshrutha, i scoileanna speisialta agus i ranganna speisialta. Oibríonn an SESS faoi réimse freagrachta Rannóg Oideachais Múinteoirí (TES) na Roinne seo. Chuir SESS breis is 29,000 áit oiliúna ar fáil i 2009 agus b'ionann sin agus ardú thart ar 9,000 áit ar 2008. San áireamh ansin bhí soláthar oiliúna le haghaidh Pleanáil Aonair Oideachais, a cuireadh ar fáil do 2,611 bunscoil agus 277 iarbhunscoil. Chuir an Roinn maoiniú €2.8m ar fáil do SESS i 2009.

Bhí rochtain ar dhian-oiliúint i leith Neamhoird sa Speictream Uathach (ASD) ag múinteoirí as 276 aonad uathachais i 2009. Tairgtear seimineáir ceithre uair sa bhliain ar bhonn réigiúnach agus áitiúil agus clúdaíonn siad raon cur chuigí ASD-shainiúil ar fhoghlaim agus ar mhúinteoireacht. Fónann clár ASD ar fhorbairt leantach ghairmiúil ar gach scoil le haonaid uathachais iontu, le béim ar leith ar mhúinteoirí nua-cheaptha in aonaid nua chomh maith le múinteoirí nua-cheaptha in aonaid a bhí ann cheana. Tá an clár ASD ailínithe go dlúth le soláthar creidiúnaithe trí Choláiste Naomh Angela, Sligeach a leanann go Clár Teastais/Diplóma Iarchéime san Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach ar Riachtanais Speisialta Oideachais (Neamhoird sa Speictream Uathach) do Mhúinteoirí.

Chuir SESS foireann speisialtóirí iompair (“Foireann Iompair SEN”) le chéile chun forbairt ghairmiúil leanúnach a sholáthar do mhúinteoirí agus chun na cláir iompair a theastaíonn ó dhaltaí le ASD atá ag freastal ar scoileanna/ranganna speisialta do pháistí le ASD a chur le chéile agus a mhaoirsiú. Tá an foireann comhdhéanta de dhaoine a bhfuil sainoiliúint ar ardchaighdeán orthu go háirithe i réimse na hAnailíse Iompair Fheidhmeach (ABA).

I ndiaidh próiseas tairisceana a tharla i 2008 roghnaíonn an Institiúid um Oideachas agus Síceolaíocht do Leanaí chun raon clár ar-líne ar fhorbairt ghairmiúil leanúnach (CPD) do mhúinteoirí daltaí le riachtanais speisialta a reáchtáil. Faigheann na cúrsaí páirt-mhaoiniú ón tSeirbhís Tacaíochta Oideachais Speisialta.

Is cuid shuntasach den obair réitithe atá riachtanach chun an tAcht um Oideachas do Dhaoine le Riachtanais Speisialta Oideachais (EPSEN) a chur i bhfeidhm go rathúil é CPD. Cé go bhfuil feidhmiú iomlán an Achta curtha siar tá sé riachtanach go dtugtar tuiscint do mhúinteoirí ar phleanáil aonair oideachais agus go gcuirtear ar a gcumas a bheith rannpháirteach sa phróiseas atá ann agus é a chur i bhfeidhm roimh fheidhmiú an Achta. Sa chomhthéacs sin chuir SESS lá iomlán CPD ar fáil don phríomhoide agus do roinn daoine lárnacha den foireann teagaisc i ngach bunscoil agus iarbhunscoil i rith na bliana 2009. Thosaigh an clár CPD seo do bhunscoileanna i Meitheamh 2009 agus d'iarbhunscoileanna i nDeireadh Fómhair 2009. Tá CPD bunaithe ar phrionsabail dea-chleachtas i leith pleanála aonair do dhaltaí le riachtanais speisialta oideachais.

Cláir Iarchéime i Riachtanais Oideachais Speisialta

Leanann soláthar na gclár seo ar aghaidh ag forbairt, tríd an gcaidreamh oibre idir an Roinn agus na hinstitiúidí seo a leanas-

- Coláiste Phádraig, Droim Conrach
- Coláiste Naomh Aingil, Sligeach

- Coláiste Eaglais na hÉireann, Ráth Maoinis
- Coláiste Mhuire Gan Smál, Luimneach
- Coláiste Ollscoile Bhaile Átha Cliath
- Coláiste na hOllscoile, Corcaigh
- Ollscoil na hÉireann, Gaillimh

Cuireann na hinstiúidí seo Comhchlár Dioplóma Iarchéime i bhForbairt Ghairmiúil Leanúnach ar fáil do mhúinteoirí atá rannpháirteach i dTacaíocht Foghlama agus in Oideachas Speisialta. Don bhliain scoile 2009/2010 bhí 275 rannpháirtí (199 bunoidreachas agus 76 iarbhunoidreachas) ar an gclár seo.

Anuas ar sin tógadh isteach rannpháirtithe agus iad urraithe ag an Roinn ar chlár iarchéime mar seo a leanas i 2009:

- 15 rannpháirtí ar an dTeastas Iarchéime in Oideachas daltaí le ASD atá á reáchtáil ag Coláiste N. Pádraig, Droim Conrach ó 2001.
- 24 rannpháirtí ar an gClár Iarchéime Teastais/Dioplóma ar CPD i SEN (ASD) do Mhúinteoirí.
- Bhí iomlán 75 áit ar fáil ar an gcúrsa ar-líne Teastais /Dioplóma in Oideachas (Oideachas Speisialta/Cuimsitheach) do mhúinteoirí bunscoile agus iarbhunscoileanna

Scéim phíolótach na hAnailíse Iompair Fheidhmeach (ABA)

Tugann an Roinn maoiniú do scéim phíolótach a bunaíodh nuair nach raibh líonra de ranganna speisialta ann atá ar fáil anois i scoileanna. Tá tiomantas sa chlár reatha don Rialtas maidir le maoiniú fadtéarmach do na hionaid atá sa scéim phíolótach ABA faoi réir comhaontú leis an Roinn ar chaighdeán a chuirfidh ar a gcumas tacaíocht a fháil mar bhunscoileanna do leanaí le huathachas. Thángthas ar chomhaontú ar na príomhchoinníollacha chun cur ar chumas na n-ionad atá rannpháirteach sa scéim aitheanas a fháil mar scoileanna speisialta do leanaí le huathachas agus glacadh le hiarratais i 2009 ar aitheantas mar scoileanna speisialta.

I 2009 ceadaíodh 25 rang breise, ceangailte le scoileanna príomhshrutha agus le scoileanna speisialta, le haghaidh páistí le huathachas agus thug sin iomlán na ranganna speisialta ag deireadh 2009 go 335. Ceadaíodh leis, deich rang breise luathidirghabhála do pháistí ar an speictream uathach i rith na bliana chun líon iomlán na ranganna luathidirghabhála a thabhairt go 45 ag deireadh 2009.

An tAcht um Oideachas do Dhaoine a bhfuil Riachtanais Oideachais Speisialta acu (EPSN) 2004

Tugadh tiomantas sa Chlár athnuaite a fógraíodh i nDeireadh Fómhair 2009, plean ilbhliantúil costaithe a fhorbairt chun roinnt gnéithe tosaíochta den Acht um Oideachas do Dhaoine a bhfuil Riachtanais Oideachais Speisialta acu (EPSN) a chur i bhfeidhm, ag díriú ar dhul chun cinn intomhaiste, praiticiúil i seirbhísí oideachais agus sláinte do pháistí le riachtanais speisialta.

Cuspóir 1.6: Acmhainní agus Tacaíochtaí spriocdhírthe a chur ar fáil do Leanaí ar foghlaimeoirí nua iad

Tá na hacmhainní a roinntear ar scoileanna chun freastal ar riachtanais daltaí atá ag foghlaim Béarla mar Theanga Bhreise (EAL) sa bhreis ar thacaíochtaí agus maoinithe eile a gcuirtear ar fáil do scoileanna. Cuirtear na daltaí uile san áireamh, daltaí inimirceacha leis, (beag beann ar a gcumas i mBéarla) sna gnáth-chóimheasa múinteoir le daltaí sna scoileanna.

Múinteoirí Tacaíochta EAL

I gcomhar le tuismitheoirí agus múinteoirí ranga príomhshrutha aithníonn múinteoirí tacaíochta EAL daltaí a dteastaíonn tacaíocht teanga bhreise uathu, déanann siad measúnú ar chumas na ndaltaí i mBéarla ag úsáid ábhair measúnaithe, cuireann siad cláir teanga cuí le chéile, déanann siad na cláir a sheachadadh agus déanann siad monatóireacht ar dhul chun cinn na ndaltaí agus é a thaifeadadh. Roinneann siad a saineolas le múinteoirí ranga príomhshrutha agus cabhraíonn siad dea-chleachtas a fhorbairt agus a scaipeadh chun tacú le forbairt chumas Béarla na ndaltaí. Moltar go bhfaigheann daltaí teagasc tacaíochta breise EAL sa seomra ranga nó i gceachtanna amchláir EAL le haghaidh grúpaí beaga chomh maith leis an dtacaíocht a fhaigheann siad ó na múinteoirí ranga.

Tá an t-údarás scoile freagrach as múinteoirí tacaíochta EAL a dháileadh i ndáil le leibhéal chumais an dalta aonair atá páirteach agus a riachtanais mar a athraíonn siad.

Cinntíonn líon na ndaltaí atá ar an rolla a bhfuil Béarla mar an dara teanga acu agus na leibhéil mheasúnaithe maidir le cumas Béarla na ndaltaí an leibhéal tacaíochta a roinntear ar bhunscoileanna agus ar iarbhunscoileanna.

Tá scoileanna, sa dá leibhéal, le idir 14 agus 30 dalta a dteastaíonn tacaíocht EAL uathu i dteideal múinteoir tacaíochta EAL amháin bhreise. Tá scoileanna le idir 31 agus 90 dalta i dteideal an dara múinteoir tacaíochta EAL. Mar bheart breise maolaithe is féidir go mbeadh scoileanna le líon suntasach daltaí a mbeadh EAL de dhíth orthu i dteideal suas le beirt mhúinteoir tacaíochta EAL breise. Leithdháileadh iomlán 1,550 múinteoir tacaíochta EAL sa scoilbhliain 2009/2010.

Sa chás go bhfuil níos lú ná 14 dalta a dteastaíonn EAL uathu ag scoileanna leithdháiltear cabhair deontais ag leibhéal bunscoile chun é a éascú don Bhord Bainistíochta soláthar tacaíochta EAL páirt-aimseartha a mhaoiniú agus déantar tacaíocht EAL dara leibhéal a leithdháileadh ar bhonn uaireanta teagaisc páirt-aimseartha.

Foireann Measúnaithe Iarbhunscoile don Bhéarla mar Theanga Breise

Leagadh amach an fhoireann seo chun cuidiú le múinteoirí tacaíochta EAL cumas teanga daltaí nua-tagtha a mheas. Tá tacar tástálacha ann; dlúthdhioscaí le tástálacha ábhartha éisteachta; na scrípteanna éisteachta agus cóipeanna de na tacair grianghraf le n-úsáid mar chuid de na tástálacha cainte. Cabhraíonn na tástálacha leibhéal Béarla an dalta a chinntiú ar theacht ag an scoil dó, monatóireacht a dhéanamh in imeacht ama ar dhul chun cinn i dtacaíocht teanga agus an pointe a aithint nuair nach dteastaíonn tacaíocht teanga bhreise níos mó ón dalta. Cuireadh dhá chóip chuig gach iarbhunscoil i bhFeabhra 2009. Sa bhreis ar sin cuireadh cóipeanna chuig na hIonaid Oideachais agus rinneadh an pacáiste a uaslódáil ar láithreán gréasáin NCCA.

Cuspóir 1.7: Tacú le forbairt agus soláthar an oideachais luathóige ar ardchaighdeán

Oibríonn córas roinnte rialachais in Éirinn ina bhfuil an Roinn seo freagrach as soláthar oideachais luathóige i dtionscnaimh dírithe ar pháistí atá ‘i mbaol mí-bhuntaíste oideachais’ in aois 3-4 (m.sh. Tosach Luath agus Réamhscoileanna don Lucht Siúil) agus Ranganna Naíonáin i mbunscoileanna atá ag freastail ar pháistí in aois 4-6.

Tá Soláthar Chúram Leanaí do pháistí ó bheirtear iad á rialú ag Oifig an Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige a rialaíonn agus a scrúdaíonn réimse leathan soláthar seirbhíse príobháideach, pobal agus deonach.

Nuair a fógraíodh bliain réamhscoile saor in aisce do gach páiste i mbuiséad mí Aibreáin 2009 b'fhorbairt shuntasach í ar sholáthar cúram luathóige agus seirbhísí oideachais. Cé go bhfuil an scéim maoinithe trí Oifig an Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige tá dhá chreat praiticiúil maoinithe ag an Roinn (Síolta agus Aistear) chun tacú le forbairt soláthair ar ard-chaighdeán, i seirbhísí rannpháirteacha.

Tá Síolta, a rinne an Lárionad um Fhorbairt agus Oideachas na Luathóige, a oibríonn faoi choimirce na Roinne, a fhorbairt i 2006, bainteach le gach réimse cáilíochta a imríonn tionchar ar chúram agus oideachas páistí. Clúdaíonn sé foghlaim agus forbairt luath agus caighdeán eile mar Sláinte agus Leas, Imshaoil, Pleanáil agus Measúnú agus Eagrúchán. Is creat oibre churaclaim é Aistear, a rinne an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta a fhorbairt i 2009, a dhíríonn go sainiúil ar thacú le foghlaim agus forbairt luath páistí ó aois a mbreithe go sé bliana. Déanann an dá chreat comhlánú ar a chéile agus is féidir le hAistear cuidiú le cleachtóirí oibriú i dtreo roinnt caighdeán i Síolta mar churaclam, imshaoil, céannacht agus muintearas, páirtíocht le tuismitheoirí idirghníomhaithe agus súgradh.

Plean Forbartha Fhórsa Saothair don Earnáil Chúram agus Oideachas Luathóige (ECCE)

Is príomhghné de thiomantas an Rialtais do chúram agus oideachas luathóige ar ard-chaighdeán é Plean Forbartha Fhórsa Saothair. Mar chuid de phróiseas forbartha an Phlean Forbartha Fhórsa Saothair cuireadh clár cuimsitheach taighde agus comhairliúchán poiblí i gcrích i 2009. Foilsíodh na doiciméid seo leanas go leictreonach ar láithreán gréasáin an Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige ag www.omcya.ie:

- Forbairt an Fhórsa Saothair in Earnáil Chúram agus Oideachais Luathóige: Páipéar Díospóireachta Cúlra,
- Forbairt an Fhórsa Saothair in Earnáil Chúram agus Oideachais Luathóige: Doiciméad Comhairliúcháin, agus
- Forbairt an Fhórsa Saothair in Earnáil Chúram agus Oideachais Luathóige: Tuairisc ar Thorthaí ón bPróiseas Comhairliúcháin.

Clár Taighde in Oideachas Luathóige

Faoi dheireadh mí na Nollag 2009 bhí maoiniú thart ar €22k tugtha ag an Roinn do na tionscadail taighde seo a leanas ar nádúr oideolaíochta agus cleachtaidh in imthosca éagsúla oideachas luathóige in Éirinn:

- Páistí le Riachtanais Speisialta Oideachais a iniamh in ionaid réamhscoile príomhshrutha
- Forbairt Ghairmiúil Foirne Leantach (le fócas ar oideolaíocht)
- Ag cur leanúnachas cleachtaidh do pháistí chun cinn thar réamhscolaíocht agus ranganna naíonáin sa bhunscoil (le fócas ar chomhpháirtíocht le tuismitheoirí, oideolaíocht agus aistrithe).

Cuireadh tuairiscí idirlinne ó gach tionscadal i láthair ag seimineár i Samhain 2009. Cuirfidh gach tionscadal tuarascáil dheiridh ar fáil i 2010.

Cuid 2 - Breisoideachas

Sprioc Ardleibhéil a Dó: Cur le Deiseanna ó thaobh Breisoideachais agus Seirbhísí Ógra

Comhthéacs

Is é ról na Roinne ná cur chun cinn, comhordú, maoiniú agus monatóireacht a dhéanamh ar fhorbairt chlár Bhreisoideachais do dhaoine óga agus do dhaoine fásta a d'fhág an scoil go luath nó a dteastaíonn breisoideachas agus oiliúint uathu le cur lena ndeiseanna fostaíochta agus le cur ar a gcumas a gcuid oideachais a ardú ar Chreat Oibre Náisiúnta na gCáilíochtaí (NFQ.)

Tá an Roinn freagrach as forbairt beartas agus ionadaíochta maidir le gnéithe breisoideachais agus oiliúna. Lean sí ar aghaidh i 2009 le hidirchaidreamh le Ranna Rialtais eile, go háirithe an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, le beartas náisiúnta lánpháirtithe, comhleanúnach maidir le breisoideachas a chinntiú. Bhí teagmháil rialta freisin leis an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh maidir le teidlíochtaí sochair leasa shóisialaigh fhoghlaimoirí fásta.

Tá leibhéal an chaiteachais fhoriomláin ar Bhreisoideachas imithe i méid ó €176m i 2000 go maoiniú €434m i 2009. San áireamh sna figiúirí sin tá caiteachas ar chostais foirne sna clár uile, deontais neamhphá do Choistí Gairmoideachais agus deontais tacaíochta mic léinn d'fhoghlaimoirí Iar-Ardteistiméireachta (PLC)

Tugann soláthar breisoideachais agus oideachais do dhaoine fásta deiseanna rochtana, aistrithe agus dul chun cinn d'fhoghlaimoirí. Tá cúrsaí lán-aimseartha agus páirt-aimseartha oscailte do chách ach is í an phríomh-fheidhm na raon tacaíochtaí a sholáthar chun:

- Freastal ar riachtanais luathfhágálaithe scoile óga
- Chun oideachas dara seans a sholáthar le cur ar chumas foghlaimoirí a gcuid oideachas a chur chun cinn go caighdeán ar aon chéim le leibhéal uasmheánoideachais
- Réiteach agus oiliúint gairme a sholáthar d'iontrálaithe sa mhargadh saothair agus d'ath-iontrálaithe.

Cuspóir 2.1: Caighdeán an tSoláthair Oideachais a Chur Chun Cinn

Clár don Mheasúnú Idirnáisiúnta ar Inniúlachtaí Daoine Fásta (PIAAC)

Tá sé aontaithe ag 26 tír, Éire san áireamh, a bheith páirteach sa chlár OECD seo. Déanfaidh an staidéar cúig bliana seo scrúdú ar scileanna 21ú aois daoine fásta sna tíortha seo mar bhealach chun an ceangail idir scileanna agus torthaí i gcomhthéacsanna oideachais, sóisialta agus margadh saothair, a fhiosrú. Tosaíodh ar an obair forbartha i 2008. Tarlóidh bailiú sonraí na tástála allamuigh i 2010 agus an príomh-bhailiú sonraí i 2011/2012. Ó 2010 tá an Roinn ag maoiniú an tionscadail in Éirinn agus tá an Phríomh-Oifig Staidrimh ag tabhairt faoin obair shuirbhéireachta. Tá torthaí an tsuirbhé ceaptha a bheith ar fáil i 2012/2013. I 2009 d'íoc an Roinn seo, i gcomhpháirt leis an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta €84,000 i dtreo costas an chomheagrais ceaptha ag an OECD chun PIAAC a rith go lárnach.

An Straitéis Náisiúnta Scileanna

Sheol an tAire Oideachais agus Eolaíochta agus an tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta le chéile an Straitéis Náisiúnta Scileanna i 2007. D'aithin an straitéis, réitithe ag an Sainghrúpa ar Riachtanais Scileanna sa Todhchaí (EGFSN), próifíl scileanna na hÉireann faoi láthair, sholáthair sí fíis straitéiseach agus spriocanna sonracha i leith riachtanas scileanna na hÉireann sa todhchaí agus leag sí amach mapa den bhealach leis an bhfís agus na spriocanna a bhaint amach.

Leag an Straitéis amach spriocanna soiléir fadtéarmacha i leith riachtanais oideachais agus oiliúna chun Éire a fhorbairt ina h-eacnamaíocht eolas bunaithe, faoi threallús na nuála, atá rannpháirteach agus cuimsitheach, le fórsa saothair ard-sciliúil, faoi 2020.

I 2008 bhunaigh an tAire Stáit Foghlama Fadsaoil, Seán Haughey T.D., Coiste idir Ranna agus é de dhualgas air plean feidhmithe don straitéis a dhréachtadh. Lean an Coiste lena chuid oibre ar an bplean feidhmithe agus tháinig sé le chéile ar go leor uaireanta i 2009.

Meastóireachtaí ar Ionaid Oideachais.

Rinne cigirí, sannta le Seirbhís Oifig Réigiúnach na Roinne, 14 meastóireacht ar Ionaid Youthreach agus Ionaid Oiliúna don Lucht Siúil Sinsearach i 2009.

Treoirínite Idirchultúrtha

I 2009 rinne an Roinn tacar treoirínite idirchultúrtha sa Bhreisoidéachas a fhorbairt. Rinneadh an tionscnamh a mhaoiniú faoin bPlean Gnímh Náisiúnta in aghaidh Ciníochais (NAPAR).

Thosaigh an tionscnamh le suirbhé ar an Scéim Deiseanna Oiliúna Gairmoideachais (VTOS) agus ar chlár na nIonad Oiliúna don Lucht Siúil Sinsearach (STTC) chun leibhéal na gníomhaíochta idirchultúrtha a bhí ag tarlú a mheas agus mar fhaisnéis d'fhorbairt treoirínite. Dhréacht an Roinn treoirínite ansin agus lorg sí aiseolas ó na páirtithe leasmhara. I mí na Nollag 2009 chríochnaigh an Roinn na treoirínite agus thug sí cuireadh do na Coistí Gairmoideachais moltaí a chur isteach chun forbairt ghairmiúil leanúnach (CPD), bunaithe ar na treoirínite idirchultúrtha, a sholáthar.

FÁS-IVEA Comhaontú Náisiúnta ar Chomhoibriú

D'aontaigh an dá eagraíocht, FÁS agus Cumann Gairmoideachais na hÉireann (IVEA) an Comhaontú Náisiúnta ar Chomhoibriú i Meitheamh 2009. Faoi théarmaí an chomhaontaithe bunaíodh Grúpa Stiúrtha Náisiúnta (NSG), comhdhéanta d'ionadaithe sinsearacha FÁS, an IVEA an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, mar a bhí, agus an Roinn seo. Bhí a chéad chruinniú ag NSG in Iúil 2009.

Forálann an Comhaontú do bhunú 8 gCoiste Comhchomhairle Réigiúnacha (RCC) comhdhéanta de bhainistíocht shinsearach ó FÁS agus na Coistí Gairmoideachais ábhartha. Tá na RCC deartha chun struchtúr agus creat oibre a chur ar fáil chun comhoibriú idir na páirtithe uile a fheabhsú. Ag a chéad chruinniú d'aontaigh an NSG gurbh é a ról ná na RCC a spreagadh agus a chumasú chun an sprioc seo a chur chun cinn agus leag sé béim ar thábhacht cumarsáide dhá-threo ina thaobh sin.

An tSeirbhís Tacaíochta Breisoideachais

Bhunaigh an NCVA an tSeirbhís Tacaíochta Breisoideachais (an FESS, nó an tSeirbhís Tacaíochta Chomhairle Náisiúnta na gCáiliúcháin Gairmoideachais roimhe sin) i 1997 chun tacú le hionaid a thairgeann modúil agus gradaim NCVA. Athraíodh go FESS ó shin é ag tacú le hionaid atá maoinithe ag an Roinn Oideachais agus Eolaíochta agus cláraithe le Comhairle na nDámhachtainí Breisoideachais agus Oiliúna (FETAC). Is seirbhís lán-aimseartha, ar feadh na bliana í FESS atá á bainistiú ag Coiste Gairmoideachais Chathair Bhaile Átha Cliath, le cúigear Oifigigh Tacaíochta lonnaithe i gCoistí Gairmoideachais Chathair Bhaile Átha Cliath, Chathair Chorcaí, Chabháin, Thiobraid Árann Thuaidh agus Chill Mhantáin.

Tá raon leathan saineolais ag foireann FESS san earnáil FE, lena n-áirítear Iar-Ardteistiméireacht, Youthreach, VTOS, Oideachas Pobail, Breisoideachas agus Oideachas Príosúin. I 2009 chuir an Roinn breis is €800,000 ar fáil chun an tseirbhís seo a mhaoiniú.

Forbairt Ghairmiúil Leanúnach (CPD)

Cuireann an Roinn deontais ar fáil do Choistí Gairmoideachais chun CPD a mhaoiniú d'fhoireann Youthreach, STTC agus VTOS chun:

- An cur chuige i leith soláthar CPD i FE ag leibhéal náisiúnta agus áitiúil a chaighdeánú
- Éifeachtacht, comhtháiteacht agus réimse gníomhaíochtaí CPD san earnáil FE a uasmhéadú agus éifeachtacht bainistíochta agus seachadaidh CPD i gCoistí Gairmoideachais a mhéadú.
- Cinnteoireacht ag pointe seachadaidh gníomhaíochtaí CPD a éascú agus Coistí Gairmoideachais a chumasú chun freagairt níos solúbtha do riachtanais éagsúla áitiúla CPD.
- Soláthar cláir chineálacha CPD a dtrasnaíonn teorainneacha clár a spreagadh

Tá an deontas seo á riaradh go háitiúil ag na Coistí Gairmoideachais agus ba thart ar €19,000 an caiteachas i 2009.

An Áisíneacht Náisiúnta Litearthachta d'Aosaigh (NALA)

Bunaíodh NALA i 1980 agus is carthannas neamhspleách é atá tiomanta a chinntiú gur féidir le daoine le deacrachtaí litearthachta agus uimhearhachta páirt iomlán a ghlacadh sa tsochaí agus rochtain a bheith acu ar dheiseanna foghlama a fheileann dá gcuid riachtanas. Tá ballraíocht i NALA oscailte do gach duine agus eagraíocht ar suim leo agus atá bainteach le forbairt litearthachta d'aoisigh. In 2009, chuir an Roinn deontas de €1.8 milliún ar fáil don NALA.

AONTAS

Eagraíocht Náisiúnta Foghlama d'Aosaigh is ea AONTAS, eagraíocht le ballraíocht dheonach atá ar an saol chun forbairt sochaí foghlama a chur chun cinn trí chóras foghlama agus oideachais d'aoisigh atá ar ard-chaighdeán agus cuimsitheach agus atá inrochtaine agus ar fáil do gach duine. Cuireann AONTAS seirbhís tarchur eolais d'fhoghlaimeoirí aosacha agus don phobal ar fáil, cruinníonn sé sonraí faoi fhorbairtí san earnáil agus téann sé i mbun taighde. Déanann AONTAS gach iarracht oibriú i gcomhpháirtíocht le heagraíochtaí eile agus Ranna Rialtais ábhartha, agus ó am go ham, téann sé i mbun tionscnamh ar leith atá leagtha amach chun tacú leis an obair in earnálacha difriúla na heagraíochta. I 2009 chuir an Roinn maoiniú €1m ar fáil chun a chuid oibre a éascú.

Cuspóir 2.2: Rochtain ar agus Rannpháirtíocht sa Bhreisoideachas a Chur Chun Cinn

Soláthraítear cúrsaí Breisoideachais ag Leibhéil 1 – 6 ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí.

Cláir Lánaimseartha atá ar fáil

- Dírítear an *Scéim Deiseanna Oiliúna Gairmoideachais (VTOS)* ar dhaoine atá dífhostaithe agus atá os cionn 21 bliain d'aois. Is iad spriocghrúpaí príomha na scéime daoine atá dífhostaithe go fadtéarmach, daoine ar scileanna íseal agus daoine atá faoi mhíbhuntáiste. Íoctar liúntas oiliúna le rannpháirtithe VTOS agus bíonn fáil acu ar threoir agus ar thacaíochtaí cúram leanaí. Coinníodh soláthar 2009 do VTOS ar leibhéil 2008.
- Dírítear clár *Youthreach* ar dhaoine óga in aois idir 15-20 agus a d'fhág an scoil go luath gan aon cháilíochtaí ná aon ghairmoiliúint. Soláthraíonn an scéim clár lánpháirtithe oideachais, oiliúna agus taithí oibre. Tugadh isteach é sa bhliain 1989 i gcomhar le FÁS. Is iad na Coistí Gairmoideachais a reáchtálann Clár Youthreach na Roinne Oideachais agus Eolaíochta. Íoctar liúntas oiliúna leis na rannpháirtithe agus tá siad i dteideal tacaíocht chúram leanaí freisin. D'fhan soláthar Youthreach i 2009 ag leibhéil 2008.
- *Ionaid Oiliúna don Lucht Siúil Sinsearach (STTC)* don Lucht Siúil atá os cionn 18 bliana d'aois iad. Cuireann na STTCanna clár lánpháirtithe oideachais, oiliúna agus taithí oibre ar fáil le béim shainiúil ar fhreastal ar riachtanais chultúrtha phobal an Lucht Siúil. Íoctar liúntas oiliúna leis na rannpháirtithe agus tá siad i dteideal tacaíocht cúram leanaí freisin. Bhí 984 áit ceadaithe ar 1 Meán Fómhair, 2009.
- *Cláir Iar-Ardteistiméireachta (PLC)* atá ann d'fhoghlaimoirí os cionn 16 bliana d'aois a bhfuil an Ardteistiméireacht déanta acu agus do dhaoine fásta atá ag fillleadh ar an oideachas. Cuirtear Cúrsaí PLC ar fáil go príomha san earnáil Coistí Gairmoideachais ach cuireann roinnt scoileanna pobail, scoileanna cuimsitheacha agus meánscoileanna cúrsaí ar fáil chomh maith. Fógraíodh 1,500 áit ceadaithe PLC sa Bhuiséad Forlíontach agus leithroinneadh iad ar Choistí Gairmoideachais agus ar sholáthróirí eile, chun iomlán na n-áiteanna ceadaithe a thabhairt go 31,688.

Cláir Pháirtaimseartha atá ar Fáil**Oideachas Pobail**

Tagraíonn Oideachas Pobail d'oideachas agus foghlaim, taobh amuigh de earnáil an oideachais fhoirmiúil de ghnáth, agus é mar aidhmeanna aige an fhoghlaim a fheabhsú, cumasú agus cur le sochaí cathartha. Tá sé pobalbhunaithe go daingean, le grúpaí áitiúla ag glacadh freagracht as agus ag glacadh príomhról in eagrú cúrsaí agus in ábhar clár a shocrú.

Litearthacht Daoine Fásta

Is éard atá i gceist le cláir litearthachta do Dhaoine Fásta ná soláthar bunoidreachais, lena n-áirítear, léitheoireacht, scríbhneoireacht, scileanna litrithe agus uimhearthachta, do dhaoine fásta nach bhfuil a gcuid scileanna dóthanach le bheith rannpháirteach go feidhmiúil i saol an lae inniu. San áireamh sna cláir a chlúdaítear tá forbairt phearsanta, ag foghlaim chun foghlama agus scileanna IT. Tá maoiniú curtha ar fáil, chomh maith, do chláir litearthachta atá dírithe go speisialta, mar dianlitearthacht, litearthacht do dhaoine bodhar, litearthacht teaghlaigh, litearthacht do dhaoine le dísleacsia agus litearthacht san ionad

oibre. Cuirtear maoiniú do litearthacht daoine fásta agus oideachas pobail (comhfhoinne ag an AE faoi Chiste Sóisialta na hEorpa) ar fáil trí dheontais bhliantúla chuig Coistí Gairmoideachais. Cuirtear teagasc an Bhéarla do Dhaoine Fásta Inimirceacha (ESOL) ar fáil tríd an mbuiséad do litearthacht daoine fásta. I 2009 bhí breis is 47,000 rannpháirtí fásta litearthachta (10,000 rannpháirtí ESOL san áireamh) agus breis is 54,000 rannpháirtí oideachas pobail.

Tionscnamh chun Filleadh ar Oideachas (BTEI)

Tá sé mar aidhm ag an Tionscnamh chun Filleadh ar Oideachas (BTEI) (comhfhoinne ag an AE faoi Chiste Sóisialta na hEorpa) rannpháirtíocht daoine óga agus daoine fásta le níos lú ná oideachas uachtarach dara leibhéal acu a mhéadú i raon deiseanna foghlama. I 2009 chuir Coistí Gairmoideachais breis is 28,000 deis ar fáil d'fhoghlaimoirí faoin BTEI agus ardú 1,000 a bhí ansin ar 2008.

An Clár Náisiúnta do Dhídeanaithe Fásta (ARP)

Tá an clár seo ar fáil do gach duine le stádas dídeanaí aige. Tá rannpháirtíocht sa chlár ar fáil ar feadh suas le bliain, 20 uair sa tseachtain. Ní ciallaíonn sé sin go gcaithfidh na huairéanta a bheith leanúnach agus, go ginearálta, is éard atá ann ná thart ar 920 uair in aghaidh gach rannpháirtí sa chlár.

An aidhm atá ag an gclár ná le cuidiú, chomh fada agus is féidir, sa phróiseas comhtháite isteach i sochaí na hÉireann. Ní mór go mbeadh rannpháirtithe gníomhach an t-am ar fad le linn an chlár ag lorg oibre. Cuireann an clár cúnamh ar fáil ar 3 bhealach: uasciliú cumais sa Bhéarla, cúnamh chun áit oibre/staidéir a fháil agus, trí ghníomhaíochtaí sóisialta, cur le tuiscint cultúir agus tréithe ginearálta na hÉireann.

Mar Choiste Gairmoideachais comhordaithe, tá Coiste Gairmoideachas Chontae Bhaile Átha Cliath freagrach as na hacmhainní a eagrú (teagascóirí, ábhair, lóistín, &rl.) a dteastaíonn don chlár ar fud na tíre. Oibríonn sé i roinnt Coistí Gairmoideachais trasna na tíre, ag braith ar na háiteanna ina bhfuil na dídeanaithe (Maidir leis sin oibríonn Coiste Gairmoideachais Chontae Bhaile Átha Cliath le hOifig an Aire um Imeachadh). I 2009 cuireadh maoiniú €2.8m ar fáil don Chlár a tharraing 550 rannpháirtí.

Clár	2009 Caiteachas €m	Áiteanna Ceadaithe
Lánaimseartha		
VTOS	77.4	5,000
Youthreach	66.1	3,692
STTC	26.6	984
PLC	7.7*	31,688
Páirtaimseartha		
	2009 Caiteachas €m	Rannpháirtithe (measta)
BTEI	17.3	28,000
Litearthacht	30.0	47,000
Oideachas Pobail	10.1	54,000

* Caiteachas ar chaipitíocht mhéadaithe agus íocaíochtaí LDA amháin. Caiteachas foriomlán ar PLC i 2009 ná €183m, pá, tacaíocht mhic léinn agus caipitíocht san áireamh.

Tacaíochtaí Clár

- Cuireadh tús leis an Tionscnamh um Threoir san Oideachas Aosach (AEGI) sa bhliain 2000 ina raibh 10 dtionscadal píolótach deartha chun tacú le cuspóirí foghlama ar feadh an tsaoil atá leagtha amach sa *Pháipéar Bán ar Oideachas Aosach: Foghlaim ar feadh an tSaoil 2000*. Faoi láthair tá 40 tionscadal á reáchtáil ar bhonn náisiúnta, is iad na Coistí Gairmoideachais atá i mbun bainistíochta ar na tionscadail ach amháin ar aon cheann amháin. Tá an beart deartha le tacú le rochtain ar Litearthacht Aosach, VTOS, BTEI agus cláir oideachais d'aosaigh agus do chláir oideachais pobail eile in Earnáil an Bhreisoideachais. Tá an tseirbhís ar fáil freisin do mharthanóirí mhí-úsáid fhorais chónaitheacha agus á gcuid teaghlach. Tá an tseirbhís ar fáil chomh maith do mharthanóirí mí-úsáide i bhforais chónaitheacha agus a dteaghlach. Coinníodh soláthar AEGI ag leibhéal 2008 agus dhéileáil an tseirbhís le breis is 38,000 cliant i 2009, ardú 3,000 i gcomparáid le 2008.
- Cuirtear an deontas bliantúil cúraim leanaí ar fáil do na Coistí Gairmoideachais chun cur ar chumas fhoghlaimoirí ag a bhfuil leanaí óga acu filleadh ar an gcóras oideachais. Tá rannpháirtithe clár VTOS, Youthreach, STTCanna agus BTEI incháilithe freisin. Is í an aidhm atá leis daoine a mhealladh le clárú sna cláir sin, daoine nach bhfuil ar a gcumas freastal faoi láthair mar go bhfuil freagrachtaí cúram leanaí orthu. Bhain thart ar 1,850 páiste le 1,300 tuismitheoirí, a bhí páirteach i gcláir bhreisoideachais, leas as maoiniú tacaíocht chúram leanaí i 2009.

Tacaíochtaí	2009 Caiteachas €m	Tairbhíthe
AEGI	6.85	38,000
Cúram Leanaí	4.35	1,850 páiste le 1,300 tuismitheoir

- Tá Seirbhís Treoirchomhairleoireachta agus Síceolaíochta Youthreach (GCP) ar fáil do rannpháirtithe Youthreach, STTCanna agus Ionaid Oiliúint Phobail FÁS (CTCanna). Déantar é a riaradh trí dheontais chuig Coistí Gairmoideachais agus baintear úsáid as chun seirbhísí tosaíochta ó speictream riachtanas ag dul ó threoshuíomh agus treoir thosaigh go heolas gairme agus seirbhísí síceolaíochta a sheachadadh. Bhí caiteachas foriomlán €1.336m ar GCP i 2009.
- Tugadh isteach an Tionscnamh Riachtanas Oideachais Speisialta (SENI) i 20 ionad Youthreach i 2007. Chuir an tionscnamh soláthar foirne breise, chun déileáil le riachtanais oideachais speisialta foghlaimoirí, oiliúint foirne, maoirseacht cás agus tacaíocht ghairmiúil don fhoireann, ar fáil. Coinníodh an soláthar seo ar siúl i 2008 agus arís i 2009. Ba é an caiteachas i 2009 ná €1.52m.

Cuspóir 2.3: Tacú le Seirbhísí Obair Ógra a fhorbairt

De bharr chinneadh Rialtais a tógadh i 2008 aistríodh freagracht i leith Gnóthaí Óige go hOifig an Aire Leanaí sa Roinn Sláinte agus Leanaí ón Roinn seo le héifeacht ón 1 Eanáir 2009. Mar thoradh air sin ní bhaineann an sprioc seo i leith seirbhísí óige leis an Roinn a thuilleadh.

Cuid 3 – Ardoideachas agus Taighde

Spríoc Ardleibhéil a Trí: Ardoideachas agus Taighde a neartú agus a chothabháil

Comhthéacs

Ó mhí na Nollag 2009 bhí an Roinn freagrach as beartas ginearálta, taighde san áireamh, maoiniú agus freagrachtaí maoirsithe earnáil an Ardoideachais. Tá an cur chuige beartas ag féachaint d’aidhm foriomlán an chórais ardoideachais, daoine a chumasú chun a lánacmhainneacht féin mar dhaoine aonair agus mar shaoránaigh gníomhacha a bhaint amach le fócas ar leith ar pháirtíocht na ngrúpaí atá ar uiríolla íseal san earnáil. Áirítear ina measc sin mic léinn faoi mhí-bhuntaíste socheacnamaíoch, agus oideachais, mic léinn aibí agus mic léinn faoi mhíchumais.

Le blianta beaga anuas tá an Rialtas agus déantóirí beartas ag féachaint níos mó chuig an earnáil seo chun spriocanna beartas tábhachtacha náisiúnta a sheachadadh sa bhreis ar a misin teagaisc agus foghlama, scoláireachta agus taighde. Sa bhreis ar iniamh sóisialta agus saoránacht a chur chun cinn áirítear i measc na spriocanna beartas:

- Leibhéil scileanna an daonra a fheabhsú chun freastal ar riachtanais eacnamaíochta agus sochaí atá nua-aimseartha, ard-teicneolaíoch.
- Forbairt eacnamaíochta a chur chun cinn, go traidisiúnta trí scileanna agus cumais an fhórsa saothair a fhorbairt agus a fheabhsú ach níos mó, trí thaighde, trí fhorbairt, feidhmiú agus tráchtálú eolais nua agus trí ról na n-Institiúid Ardoideachais atá ag teacht chun cinn mar fhoinsí ionchasacha agus iarbhir fiontraíochta agus fás eacnamaíochta.
- Forbairt réigiúnach agus chultúrtha a chur chun cinn.

Is é an tÚdarás um Ardoideachas (HEA) an comhlacht reachtúil agus an comhlacht forbartha d’ardoideachas agus do thaighde in Éirinn. Leithdháileann an Roinn maoiniú athfhillteach ar an HEA, agus déileáilann an HEA le buiséid aonair na seacht nOllscoil, na ceathair déag Institiúidí Teicneolaíochta agus le roinnt eile institiúidí ardoideachais ainmnithe. Chomh maith leis sin, tá an Roinn freagrach go díreach freisin maidir le hacmhainní a chur ar fáil do líon beag institiúidí ardoideachais. Déanann an Roinn maoiniú freisin ar sholáthar an infrastruchtúir atá riachtanach chun ardoideachas a chur ar fáil lena n-áirítear infrastruchtúr do thaighde.

D’athin an Roinn seo ina Ráiteas Straitéise 2008-2010 na tosaíochtaí seo a leanas don ardoideachas agus don taighde:

- Cur le agus leathnú a dhéanamh ar rannpháirtíocht
- Seachadadh clár a nuachóiriú
- Cáilíocht den scoth a bhaint amach ag gach aon leibhéal ó oideachas fochéimithe go leibhéal taighde níos airde ceathrú leibhéal.

Cuspóir 3.1: Cur le cáilíocht an ardoideachais agus cur lena chumas freagairt níos fearr do riachtanais atá ag athrú

I 2009 cuireadh maoiniú athfhillteach beagnach €1.32b ar fáil do na hearnálacha Ollscoileanna agus Institiúidí Teicneolaíochta (IOT). San áireamh sa mhaoiniú athfhillteach don earnáil tríú leibhéal tá deontais in áit táillí teagaisc agus b'ionann é agus thart ar €379m sa scoilbhliain 2008/2009.

Sásra maoinithe athfhillte athbhreithnithe san Earnáil Ollscoile

Tugadh seoladh sásra maoinithe athfhillte athbhreithnithe an HEA san earnáil ollscoile chun críche i 2008. Tá an tsamhail á choinneáil faoi athbhreithniú agus táthar ag súil go ndéanfar tuilleadh forbartha air sna blianta amach romhainn. Tá tús curtha le forbairt na samhla i gcás earnáil na nInstitiúidí Teicneolaíochta de. Beidh gnéithe freagrachta intógtha i samhail na nInstitiúidí i ndáil iontaofachta, comhoiriúnacht sonraí agus próisis iniúchadh mac léinn cosúil leis an gceann atá ag feidhmiú sa tsamhail mhaoiniú ollscoileanna.

An Ciste Nuálaíochta Straitéiseach (SIF)

Thug an Rialtas isteach SIF i 2006 chun nuachóiriú, athrú agus athchóiriú a bhrú chun cinn i gcríochníomhaíochtaí an ardoideachais. Tá tionscadail a gceadaítear faoin gciste dírithe ar athchóiriú institiúidí, múinteoireacht agus foghlaim a chur chun cinn, rochtain agus foghlaim ar feadh an tsaoil a fheabhsú agus forbairt gníomhaíocht ceathrú leibhéal a chumasú. Ceann de phríomhrathúlachtaí an chláir ná leibhéal an comhoibríthe idir-institiúidí a chruthaigh sé ar fud na hearnála. I 2009 b'ionann caiteachas athfhillteach faoin gciste seo agus €27m.

Tá tuilleadh eolais i dtaobh an chiste seo ar fáil ó láithreán gréasáin an HEA (www.heai.ie).

Infheistíocht in Infrastruchtúr Ard-Oideachais

I 2009 lean an Roinn lena clár infheistíochta in infreastruchtúr ardoideachais príomhshrutha. Infheistíodh breis is €137m i seachadadh raon tionscnamh a chuireann saoráidí nua-aimseartha oiriúnacha ar fáil. Cuireadh cúig mórthionscadal i gcrích go hiomlán a sheachaid 34,935m² de saoráidí nua agus feabhsaithe do bheagnach 4,000 mac léinn. Sa bhreis ar sin bhí 11 tionscadal á ndearadh agus bhí 7 dtionscadal eile, agus é mar sprioc acu thart ar 47,000 m² a sheachadadh, ar laithreáin.

Leathnaíodh an Scéim Deontais Déabhlóidithe, nár chludaigh ach Institiúidí Teicneolaíochta roimhe sin, chun 7 n-ollscoil a thabhairt san áireamh i 2009. Rinneadh fiche haon tionscadal mionoibreacha, a bhain le cothabháil saoráidí, a mhaoiniú i 2009 ar chostas beagnach €40m.

Mar thoradh ar mhórléathnú ar Chlár Comhpháirtíochta Poiblí Príobháideach an Rialtais a fógraíodh i 2005 leithroinneadh €270m chun 16⁴ tionscadal nua tríú leibhéal a sheachadadh in 8 n-áit. In Iúil 2009 tugadh ar láimh an chéad Bheart tionscadal tríú leibhéal PPP, ina raibh sé fhoirgneamh i 4 Institiúid Tríú Leibhéal, don Ghníomhaireacht Náisiúnta d'Fhorbairt Airgeadais (NDFA) le haghaidh fála agus fógraíodh an trí thairgeoir a bhí ar an ngearrliosta i mí na Nollag. Tá obair réamh-fála ar an dara Beart Tionscadal Tríú Leibhéal, ina bhfuil sé fhoirgneamh i 2 Institiúid Tríú Leibhéal, beagnach críochnaithe agus thosaigh an próiseas réamh-fhála don tríú Beart Tionscadal Tríú Leibhéal i Samhain 2009.

⁴ Bhí obair infrastruchtúir a bhaineann le nInstitiúid Teicneolaíochta Thamhlachta san áireamh sa Chlár ar dtús.

Gníomhaireacht Forbartha Ghráinseach Ghormáin

Bunaíodh Gníomhaireacht Forbartha Ghráinseach Ghormáin i mBealtaine 2006. In 2009, chríochnaigh an Gníomhaireacht an Plean agus Buiséad Straitéiseach don fhorbairt atá molta maidir le suíomh Ghráinseach Ghormáin. Áirítear sa Phlean Straitéiseach na roghanna agus na costais gaolmhara a bhaineann le campas Institiúid Teicneolaíochta Átha Cliath (DIT) a bhogadh go dtí suíomh Ghráinseach Ghormáin chomh maith le moltaí a dhéanamh ar sholáthar suímh maidir le saoráidí sláinte iomchuí. Fuair an Roinn an Plean agus Buiséad Straitéiseach i 2009.

Straitéis Náisiúnta don Ard-Oideachas

I Feabhra 2009 sheol an tAire próiseas chun straitéis nua náisiúnta i leith ardoideachais a fhorbairt. Sa phróiseas, atá á threorú ag grúpa straitéise ardleibhéal ina bhfuil saineolas náisiúnta agus idirnáisiúnta, tá scrúdú á dhéanamh ar an gcaoi a bhfuil córas ardoideachais na hÉireann ag cruthú, cén seasamh atá aige go h-idirnáisiúnta, cé chomh maith is atá acmhainní atá ann faoi láthair á n-úsáid, agus cén chaoi ar féidir an córas a athchumrú chun an aghaidh is fearr a thabhairt ar an iliomad dúshlán atá roimhe sna deich mbliana le teacht, ag féachaint don ról lárnach atá aige chun cuidiú le téarnamh eacnamaíochta na hÉireann. Táthar ag súil go soláthróidh an straitéis fíis agus tacar spriocanna beartas gaolmhara náisiúnta don ardoideachas in Éirinn sna 20 bliain atá le teacht agus creat oibríochta don earnáil a aithint a chuirfidh ar a chumas na spriocanna sin a sheachadadh. Táthar ag súil go gcuirfidh an grúpa straitéise críoch lena thuarascáil i 2010.

Tionscnaimh Chur i nGníomh a tógadh i 2009

D'oibrigh an Roinn go dlúth le príomh-Ranna eile chun freagraí a fhorbairt chun tacú le h-uasciliú agus athsciliú daoine atá dífhostaithe

I rith na bliana 2009 d'fhorbair an earnáil ardoideachais roinnt tionscnamh nua solúbtha foghlama chun tacú le daoine dífhostaithe fillleadh ar oideachas agus tabhairt faoi uasciliú. Áirítear iontu:

- Ó Mheán Fómhair fuair beagnach 1,800 duine dífhostaithe tacaíocht chun tabhairt faoi chúrsaí fochéime agus iarchéime páirtaimseartha a thacaíonn le spriocanna “Geilleagar Cliste”.
- Ghlac níos mó ná 1,000 duine páirt i gclár aistrithe nua-forbartha páirtaimseartha agus clár luathaithe sna hInstitiúidí Teicneolaíochta. Rinneadh na clár aistrithe a fhorbairt chun cuidiú le daoine dífhostaithe atá tamall, b'fhéidir, amuigh as an gcóras oideachais foirmiúil, forbairt a dhéanamh ar chuid de na scileanna atá riachtanach chun staidéar a dhéanamh ag an tríú leibhéal agus ar na clár luathaithe a cheadaíonn do mhic léinn an chéad bhliain de ghnáthchlár dhá bhliain a chríochnú ar bhealach luathaithe.
- Rinne na hInstitiúidí Teicneolaíochta clár nua oideachais a fhorbairt chun go bhféadfadh printísigh iomarcacha scileanna deimhnithe breise a fháil in earnáil an oideachais. Bhí sé mar aidhm ag an gclár croíscileanna sa mhata, ICT agus gnó a fhorbairt chun freastal ar mhic léinn a bheadh ag dul ar aghaidh chuig clár eile ardoideachais nó ag críochnú a bprintíseacht, tráth níos déanaí.

Fás ar an Éileamh ar Ardoideachas

Tá líon na n-iarratas chun dul isteach san ardoideachas ag dul i méid fós. Tháinig ardú 6% ar iarratais CAO i 2009 ar 2008 agus bhí ardú 8.3% ar ghlacthaí CAO, ag 45,582, sa scoilbhliain 2009/2010 ar an mbliain roimhe sin (2008/2009). Meastar iomlán na gclárú lánaimseartha in institiúidí ardoideachais atá cuidithe ag an Roinn Oideachais agus Eolaíochta a bheith ag 156,000 don scoilbhliain 2009/2010, ardú thart ar 7% ar an mbliain roimhe.

Cuspóir 3.2: Méadú suntasach a chur ar líon na bPhDanna agus ar ghníomhaíocht taighde**An Straitéis Eolaíochta, Teicneolaíochta agus Nuálaíochta (SSTI)**

Is ionann an Straitéis seo agus ceann de phríomhphiléar an Phlean Forbartha Náisiúnta- 2007-2013 agus is é treoirphlean an Rialtais é chun cumas taighde agus nuálaíochta na hÉireann a fhorbairt. Déanann SSTI foráil i leith raon clár tacaíochta thar roinnt Ranna Rialtais agus tá sé d’aidhm aige feabhas a chur ar an scála agus ar chaighdeán socruithe aistrithe taighde agus teicneolaíochta a dhéantar in Éirinn sna hearnálacha ardoideachais, poiblí agus fiontair.

Tá an Roinn ina comhpháirtí mór i seachadadh SSTI agus i 2009 bhí an Roinn freagrach as maoiniú díreach i leith roinnt clár maoinithe faoi SSTI, atá ar fad dírithe, go príomha, ar chumas taighde sa chóras ardoideachais a fhorbairt trí infreastruchtúr fisiciúil a chur ar fáil agus trí oideachas ceathrú leibhéal ar ardchaighdeán a fhorbairt. Áirítear sna cláir seo an Clár Taighde in Institiúidí Tríú Leibhéal (PRTL) agus scéimeanna gradam dhá Chomhairle Taighde na hÉireann.

Clár Taighde in Institiúidí Tríú Leibhéal (PRTL)

Is é an Clár Taighde in Institiúidí Tríú Leibhéal (PRTL) an clár taighde is suntasaí a fuair tacaíocht dhíreach na Roinne i 2009. Tacaíonn sé le tógáil cumas taighde straitéise institiúide, bunú ionad agus saoráidí taighde a chumasú, agus le comhláir taighde agus tionscnaimh naisiúnta. Bhí ceithre thimthriall maoinithe ann go dtí seo a sheachaid infheistíocht iomlán de €865m.

Fógraíodh an cúigiú timthriall maoinithe go luath i 2009 agus iarradh moltaí le haghaidh tionscadal straitéiseach comhoibríoch thar na disciplíní ar fad faoi 3 chatagóir: infreastruchtúr agus saoráidí, oideachas struchtúrtha PhD agus réimsí nua agus iad a d’fhéadfadh teacht chun cinn. Rinne painéal idirnáisiúnta neamhspleách measúnú ar na moltaí i rith 2009 agus bhí sé socraithe gradaim a fhógairt i 2010.

Tá tuilleadh eolais faoin Straitéis, sonraí maoinithe san áireamh, ar fáil ar láithreán gréasáin HEA (www.heai.ie).

Scéim Feabhsaithe Saoráidí Taighde

Críochnaíodh an Scéim Feabhsaithe Saoráidí Taighde i 2009. An aidhm a bhí ag an scéim ná saoráidí taighde in institiúidí a fheabhsú trína chur ar chumas na n-institiúidí ardoideachais:

- Tabhairt faoin athchóiriú, tiontú agus/nó uasghrádú riachtanach ar a saoráidí le gur féidir tabhairt faoi taighde ar ardchaighdeán, ag teacht le tosaíochtaí straitéiseacha na n-institiúidí. Síneoidh scóip na scéime chuig saoráidí atá ann faoi láthair agus in úsáid chun críocha taighde, chomh maith le saoráidí a bhfuil sé socraithe a chur in oiriúint d’úsáid eisiach chun críocha taighde atá ar siúl faoi láthair; agus
- Trealamh riachtanach a fháil chun taighde a dhéanamh mar atá luaite thuas. Dá bhrí sin cuimseoidh an scéim nua agus tógfaidh sí áit na Scéime Athnuachana Trealamh Taighde.

Chuir an scéim maoiniú €54m ar fáil do 20 institiúid ardoideachais.

An Chomhairle um Thaighde san Eolaíocht, san Innealtóireacht agus sa Teicneolaíocht (IRCSET)

Is comhlacht monatóireachta agus maoinithe taighde atá neamhspleách agus uathrialach é an IRCSET a chuireann taighde innealtóireachta agus eolaíochta chun cinn in Éirinn. Feidhmíonn sé tionscnaimh maoinithe, a thacaíonn le taighdeoirí tréitheacha atá ag tosú amach ar a ngairm feadh leibhéal Máistreachtaí, Dochtúra agus Iardhochtúireachta sna heolaíochtaí, san innealtóireacht agus sa teicneolaíocht. Tá na tionscnaimh seo deartha lena chinntiú go mbeidh ar chumas na hÉireann a bheith mealltach mar láthair idirnáisiúnta do thaighde ardleibhéal. Is ar thaighde turgnamhach atá dírithe ar choincheapa, torthaí agus nuálaíochtaí a chur ar fáil laistigh d'Éirinn atá an bhéim i gclár maoinithe na Comhairle.

Cuirtear maoiniú ar fáil trí shraith glaonna iomaíochta ar Iarratasóirí. Tá an roghnú maidir leis an maoiniú bunaithe ar fhiúntas agus déanann painéil mheasúnaithe neamhspleácha maoirseacht ar an bpróiseas cinnteoireachta. Bhronn IRCSET 210 scoláireacht iarchéime agus 58 comhaltas iardhochtúireachta i 2009.

An Chomhairle um Thaighde sna Dána agus sna hEolaíochtaí Sóisialta (IRCHSS)

Bunaíodh an IRCHSS sa bhliain 2000, cuireann sé maoiniú ar fáil do thaighde ceannródaíoch sna dána agus sna heolaíochtaí sóisialta lena n-áirítear gnó agus dlí. Feidhmíonn an IRCHSS sraith de scéimeanna taighde idirnasctha, lena n-áirítear Scéim Scoláireachta Iarchéime Rialtas na hÉireann.

Chinntigh IRCHSS maoiniú faoin gClár Creata AE (FP7) le haghaidh dámhachtain cómhaoinithe iardhochtúireachta Marie Curie. Ba é an maoiniú sin an dámhachtain is mó a fuarthas in Éirinn faoi FP7 i 2009. An aidhm atá ag an scéim chómhaoinithe 3 bliana (CARA) ná, taighdeoirí, atá bunaithe in Éirinn agus a bhfuil formhór a gcleachtadh taighde faighte acu in Éirinn, a spreagadh chun leas a bhaint as tréimhse struchtúrtha soghluaisteachta thar lear leis na gníomhaíochtaí forbartha gairme a ghabhann leis.

Sa bhreis air sin bhronn IRCHSS 136 scoláireacht iarchéime agus 26 comhaltas iardhochtúireachta i 2009.

Taighde in Earnáil na Teicneolaíochta

Níl maoiniú ar fáil ach amháin do na hInstitiúidí Teicneolaíochta agus d'Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath. Tá trí shnáithe ann:

- Scileanna Forbartha agus Taighde Iarchéime: Oiliúint i scileanna Taighde agus Forbartha do chéimithe as a leanann Céim Mháistreachta. Is é an aidhm atá leis seo cur le líon na gcéimithe atá ard-oilte le cur ar chumas tionscail a bheith iomaíoch agus fanacht iomaíoch
- Clár Ardáin Fiontraíochta: clár oiliúna do chéimithe sa bhfiontraíocht lena mbaineann oideachas/oiliúint fiontraíochta agus comhairle/meantóireacht ó ghnó agus ó thionscail
- Feabhsú a dhéanamh ar Chroí-Láidreachtaí Taighde: Tacú le hacmhainn taighde a fhorbairt in Institiúidí Teicneolaíochta.

HEAnet

Cuireann HEAnet Seirbhísí Idirlín atá ar ardchaighdeán ar fáil d'Ollscoileanna Éireannacha agus d'Institiúidí Teicneolaíochta agus don phobal oideachais agus taighde níos leithne. Cuireann sé nascacht dhíreach ar fáil dá chuid pobal agus do líonraí eile in Éirinn, san Eoraip, i Stáit Aontaithe Meiriceá agus sa chuid eile den domhan. Tá na seirbhísí a chuireann HEAnet ar fáil ríthábhachtach mar bhonn taca do ghníomhaíocht taighde in Éirinn – tá rochtain ardluais riachtanach má tá Éire le leanúint le bheith chun tosaigh go hidirnáisiúnta i bhforbairtí sa taighde agus sa teicneolaíocht.

Sa bhreis ar institiúidí tríú leibhéal, cuireann HEAnet seirbhísí idirlín ar fáil do líon comhlachtaí eile ar nós Scoileanna, an Lár-Oifig Iontrála (CAO), an Bord Taighde Sláinte, an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (EPA) agus don ESRI. Chomh maith le croímhaoiniú ón Roinn seo, tá na cliant ar fad faoi réir ag táille síntiúis.

Ríomhleabharlann Taighde na hÉireann (IReL)

Is leabharlann taighde leictreonach é an IReL atá á maoiniú go náisiúnta, cuireann sí rochtain ar líne ar fáil ar airteagail lán téacs ó na mílte foilseachán athbhreithnithe piaraí atá ar cháilíocht idirnáisiúnta feadh raon disciplíní. Ó scaoileadh na céad acmhainní i 2005 rinneadh na milliúin alt irise a íoslódáil gach bliain.

Achoimre Chaiteachais i 2009

Coláiste	Caiteachas i 2009 €m
PRTL	31.4
IRCSET	26.1
IRCHSS	14.4
Taighde san Earnáil Teic	7.0
HEAnet	3.6
E-irisí (IReL)	4.0
Eile	0.30

Cuspóir 3.3: Cur chun cinn a dhéanamh ar rochtain don ardoideachas, go háirithe do ghrúpaí atá faoi ghannionadaíocht agus deiseanna foghlama solúbtha a chur ar fáil.

Tá an Roinn freagrach as an bhforbairt a stiúradh i ndáil leis an mbeartas náisiúnta ar chothromas rochtana don ardoideachas do gach mac léinn go háirithe i measc na ngrúpaí sin atá ar ghannionadaíocht san earnáil faoi láthair. Chuige sin tugann an Roinn tacaíocht do raon bearta tiomnaithe, a éascaíonn leibhéal níos mó rannpháirtíochta do mhic léinn faoi mhíbhuntáiste, do mhic léinn aibí agus do mhic léinn faoi mhíchumas.

Tacaíochtaí Airgeadais

Soláthraítear an phríomhthacaíocht, i dtéarmaí airgeadais, faoi cheithre scéim deontais do mhic léinn, a chuireann cúnaimh airgeadais ar bhonn tástála maoinne ar fáil do mhic léinn san ardoideachas agus sa bhreiseoideachas. Is Scéimeanna Deontais Ardoideachais iad seo, Scéim Scoláireachta na gCoistí Gairmoideachais, an Scéim Deontas Cothabhála Tríú Leibhéal d'Oiliúnaithe agus an Scéim Deontas Cothabhála do Mhic Léinn a fhreastalaíonn ar Chúrsaí Iar-Ardeistiméireachta. Is iad na húdaráis áitiúla

agus na Coistí Gairmoideachais éagsúla a riarann na scéimeanna sin. I 2009 chuir an Roinn próiseas nua fócaíochta i bhfeidhm lena ngabhann réamhíocaíocht chuig údaráis dháilte le cur ar a gcumas íocaíochtaí deontais chuig mic léinn a dhéanamh gan mhoill mhíchúf agus ina dhiaidh sin an difríocht idir an t-airgead a réamhíocadh agus a ceadaíodh do mhic léinn mar dheontais, a réiteach.

Ba €3,420 uasmhéid gnáth-dheontas cothabhála i 2009. Fuair mic léinn, a bhí i dteideal gnáth-dheontas neamhthadhlach agus an ráta speisialta deontas cothabhála, €6,690. I 2009 fuair 69,486 mac léinn (go sealadach) deontais faoin *Scéim Deontas do Mhic Léinn* ar chostas iomlán €306m.

Is deontas ar leith é an ráta speisialta deontas cothabhála a íoctar le mic léinn cháilithe sa bhreis ar an leibhéal is airde den ghnáth-dheontas. Íoctar an tsuim bhreise le mic léinn cháilithe ó chúlraí ar leith ar ioncam íseal. Baineann an ráta speisialta leis na scéimeanna deontas cothabhála ar fad. Bhí caiteachas de €1m ar an ráta speisialta deontas cothabhála i 2009 agus tá an caiteachas sin san áireamh sa €306m thuas.

Cuireann an *Ciste Cúnaimh do Mhic Léinn* cúnaimh airgeadais ar fáil do mhic léinn lánaimseartha tríú leibhéal a mbíonn deacrachtaí airgeadais acu an fhaid is a bhíonn siad ag freastal ar choláiste. Féadfaidh mic léinn iarratas ar Chúnamh do Mhic Léinn a dhéanamh go díreach chuig an gcoláiste chun cabhrú leo le deacrachtaí airgeadais sealadacha nó leanúnacha. Cuireann an Ciste Cúnaimh do Mhic Léinn foinse eile maoinithe ar fáil do mhic léinn tríú leibhéal sa bhreis ar scéimeanna eile. Don scoilbhliain 2009/2010 leithroinn an Roinn €m don chiste seo. Cé nach bhfuil na sonraí uile don scoilbhliain 2008/2009 ar fáil go fóill meastar gur bhain thart ar 9,800 mac léinn tairbhe as an gciste seo.

Leithroinneann an *Ciste do Mhic Léinn faoi Mhí-Chumas* maoiniú do choláistí breisoideachais agus ardoideachais chun seirbhísí agus tacaíochtaí a sholáthar do mhic léinn lánaimseartha faoi mhí-chumas. Tá sé d'aidhm ag an gCiste a chinntiú gur féidir le mic léinn páirt iomlán a ghlacadh sna cláir acadúla agus nach bhfuil siad faoi mhí-bhuntaíste mar gheall ar a mí-chumas. Is féidir le mic léinn cháilithe cúnaimh a fháil ón gCiste ó leibhéal PLC suas go leibhéal dochtúireachta. Ní gá dóibh a bheith sa chéad bhliain den chúrsa le cáiliú don Chiste. I 2009 ceadaíodh leithroinnt €1.74m chun tacú le mic léinn faoin gciste seo. Sa scoilbhliain 2008/2009 bhain iomlán 3,844 mac léinn tairbhe, trí iarratais aonaracha agus iarratais ghrúpaí, as an gCiste seo.

An phríomhaidhm a bhí ag *Ciste Comhpháirtíochta na Mílaoise* ná tacú le mic léinn ó cheantair chomhpháirtíochta le hiad a choinneáil sa bhreisoideachas agus san ardoideachas. Don scoilbhliain 2009/2010 leithroinneadh thart ar €2.18m don chiste.

Seoladh an láithreán gréasáin ar thacaíochtaí airgeadais do mhic léinn www.studentfinance.ie in Eanáir 2008. Tugann an láithreán gréasáin eolas cuimsitheach ar raon scéimeanna tacaíochta airgeadais, lena n-áirítear an Deontas Cothabhála, an Ciste Cúnaimh do Mhic Léinn agus an Ciste do Mhic Léinn faoi Mhí-Chumas. Ó Mheán Fómhair 2009 bhí foirm iarratais ar féidir í a íoslódáil ar fáil ar an láithreán gréasáin a chuir ar chumas an mhic léinn an fhoirm iarratais a phriontáil amach, a líonadh go hiomlán agus a sheoladh ar ais tríd an bpost chuig an Údarás Áitiúil/Coiste Gairmoideachais.

Déanann an Roinn soláthar i leith roinnt deiseanna scoláireachta tríú leibhéal, lena n-áirítear scoláireachtaí a dhíríonn ar cheantair faoi mhí-bhuntaíste. Sa scoilbhliain 2009/2010 bhí 249 sealbhóir scoláireachta ann. An caiteachas iomlán i 2009 ná €1.9m.

Íocaíocht Deontas Mac Léinn trí Aistriú Leictreonach Airgid (EFT)

D'oibrigh an Roinn go dlúth i 2009 le roinnt údarás áitiúil agus le Coistí Gairmoideachais chun íocaíocht bheartaithe deontas mac léinn a íoc go díreach isteach i gcuntais bhainc mac léinn trí EFT a chur chun cinn. Cé go dtugann an t-athrú ar íocaíocht deontas mac léinn ó íocaíocht le seic go h-íocaíocht trí aistriú

leictreonach airgid go leor leasa don mhac léinn, don institiúid agus do na gníomhaireachtaí riaracháin deontas tá uainiú agus soláthar fíoraithe chruinn tinreamh mac léinn ríthábhachtach do riaradh éifeachtach EFT ag na gníomhaireachtaí riaracháin deontas. Go dáta tá an t-aiseolas ó na húdaráis dháilte chomhpháirteacha thar a bheith dearfach maidir leis an éifeacht riaracháin fíor-shuntasach atá bainte amach cheana féin.

Lena chinntiú go gcuirtear an t-athrú ó sheiceanna go EFT chun cinn ar bhealach sásúil rinne an Roinn céim tástála teoranta a éascú sa scoilbhliain 2009/2010. Cuimsíonn an chéim tástála roinnt gníomhaireachtaí riaracháin deontas, agus roinnt institiúidí, agus forbairt ar phrótacál caighdeánach maidir le malartú sonraí faoi fhíorú tinreamh leanúnach na sealbhóirí deontas ag a gcuid institiúidí. Beidh an chéim tástála faoi réir athbhreithnithe ag deireadh na scoilbhliana. Go dáta tá an t-aiseolas ó na húdaráis dháilte chomhpháirteacha thar a bheith dearfach maidir leis an éifeacht riaracháin fíor-shuntasach atá bainte amach cheana féin.

An Oifig Náisiúnta maidir le Cothromas Rochtana ar Oideachas Tríú Leibhéal

Bhunaigh an Roinn Oifig Náisiúnta maidir le Cothromas Rochtana ar Ardoideachas (ar a dtugtar an Oifig Náisiúnta Rochtana) san Údarás Ardoideachais i 2003 chun rochtain agus deiseanna oideachais do ghrúpaí ar uiríolla íseal san ardoideachas a éascú.

Seo leanas na grúpaí go bhfuil tosaíocht acu:

- Grúpaí soch-eacnamaíochta ar uiríolla íseal in ardoideachas.
- Mic Léinn aibí;
- Mic Léinn faoi mhí-chumas.

I 2009 lean an Roinn ag soláthar maoiniú chuig an oifig seo a riarann roinnt bearta rochtana ar son na Roinne.

Cuid 4 – Seirbhísí a Fheabhsú agus a Fhorbairt

Sprioc Ardleibhéil a ceathair: Tacú le seachadadh agus forbairt oideachais trí cheapadh beartais, trí phleanáil ar ardchaighdeán agus trí fhócas láidir ar chustaiméirí.

Comhthéacs

San am dúshlánach eacnamaíochta seo an tosaíocht atá ag an Roinn ná na torthaí is fearr a sheachadadh do gach foghlaimeoir as na hacmhainní atá ann, agus atá, i go leor cásanna, ag dul i laghad. Tá foghlaimeoirí, a dtuismitheoirí, oideachasóirí agus daoine eile ag súil le hardchaighdeán seirbhíse, níos mó freagrachta agus dea-phleanáil, chun freastal ar riachtanais oideachais an tsochaí amach anseo. Fanann an Roinn tiomanta do:

- Seirbhísí ar ardchaighdeán a fhreastalaíonn ar riachtanais ár gcustaiméirí agus ár gcliant thar gach earnáil den chóras oideachais a sheachadadh; agus
- Cur i bhfeidhm leanúnach ar chlár nuachóirithe an Rialtais ar fud na hearnála poiblí.

Is iad saintosaíochtaí na Roinne a aithníodh sa Ráiteas Straitéise 2008/2010 ná:

- an tseirbhís a sheachadaimid a fheabhsú agus a fhorbairt
- beartais don chóras oideachais a fhorbairt agus a athbhreithniú
- leanúint ag cur clár oibre nuachóirithe i bhfeidhm
- clár díláraithe an Rialtais a chur i bhfeidhm

Cuspóir 4.1: Beartais éifeachtúla a sheachadadh chun aghaidh a thabhairt ar na riachtanais atá ann cheana féin agus ar na dúshláin a bheidh ag teacht chun cinn san earnáil oideachais

Pleanáil agus athbhreithniú beartas

Tá forbairt beartas mar chuid lárnach de sheirbhísí na Roinne. Tacaíonn an Roinn le taighde, le meastóireacht agus le pleanáil chun creat beartas éifeachtach a chinntiú trína Rannán Lárnach Beartas.

Bailiú Sonraí

I 2009, rinne scaipeadh níos fearr ar shonraí, trí shuíomh gréasáin idirghníomhach ar-líne, úsáideoirí staitisticí a chumasú chun sonraí a theastaigh uathu a chuardach agus a íoslódáil. Tá eolas sraith ama mionsonrach ar raon topaicí oideachais ann, lena n-áirítear clárú bunscoile, iarbunscoile agus tríú leibhéal, múinteoirí, cóimheas daltaí-múinteoirí, scoileanna, caiteachas ar oideachas, iompar scoile agus gach eolas oideachais eile a bhíodh ar fáil cheana sa Tuarascáil Staitistiúil Bhliantúil (ASR). Is féidir le húsáideoirí saoráid an Bhunachar Sonraí Staitistiúla Oideachais a chuardach chun sonraí ar suim leo a fháil nó chun táblaí staitistiúla sainoiriúnaithe a chruthú ar bhealach atá éasca le húsáid. Féadfaidh úsáideoirí bunachar sonraí a fho-roinnt, é a athstruchtúrú agus é a thaispeáint ar scáileán nó é a íoslódáil sa chineál comhaid dá rogha féin. Tá Bunachar Sonraí Staitistiúla Oideachais ar fáil ar láithreán gréasáin na Roinne www.education.ie.

D'athraigh an Roinn ó Áireamh Bunscoileanna páipéar-bunaithe go haistriú eolais go leictreonach agus tharla líonadh níos tapúla ar an Áireamh Bunscoileanna, le léirithe luatha ar chlárú, dá bharr. I measc buntáistí cur chuige na scarbhileoige tá go bhfuil sé níos éifeachtúla don phríomhoide le líonadh agus don

Roinn le próiseáil. Déantar iomláin a ríomh go huathoibríoch agus tá earráidí agus cros-sheiceáil intógtha san fhoirm. Ciallaíonn sé sin go bhfeictear na hearráidí agus ceartaítear iad ag am líonadh na bhfoirmeacha agus dá réir cuirtear deireadh leis an ngá dul i dteagmháil leis an scoil arís níos déanaí sa bhliain chun earráidí nó neamhréireachtaí a réiteach. Ina theannta sin mar gheall go ndéantar cuid den obair go huathoibríoch sa scarbhileog laghdaítear an méid ama a thógann sé ar phríomhoidí chun an fhoirm a líonadh.

Ag leibhéal an iar-bhunoideachais rinne an Roinn eolas faoi iarrthóirí ar uaireanta breise tacaíochta don Lucht Siúil a bhailiú agus uaireanta tacaíochta don Bhéarla a chónascadh ar thuairisceáin bhliantúla bailithe eolais do Dheireadh Fómhair agus dá réir cuireadh deireadh leis an ngá le haghaidh bailiú sonraí ar leith sna topaicí sin agus laghdaíodh an t-ualach ar scoileanna dá réir. Ag cloí le riachtanais Chosaint Sonraí molann an Roinn do scoileanna tuismitheoirí a chur ar an eolas go bhfuil na sonraí á mbailiú agus á seoladh chuig an Roinn ar mhaithe le hacmhainní breise a leithroinnt.

Ag teacht ón Straitéis Sonraí sheol an Roinn fardal cuimsitheach de gach bailiú sonraí ó scoileanna. An aidhm atá ag an gcleachtadh fardail ná bailiú sonraí ó scoileanna a scrúdú ar mhaithe le dúblú a ghearradh amach agus an t-ualach riaracháin ar scoileanna a laghdú, chomh maith le scrúdú a dhéanamh ar an gcaoi a bhféadfaí méid iomlán acmhainní na Roinne atá dírithe ar bhailiú sonraí ó scoileanna a laghdú, i bhfianaise an laghdaithe leanúnaigh ar líon foirne, agus ó thaobh an úsáid is éifeachtúla a bhaint as na hacmhainní atá ar fáil don Roinn. Táthar ag leanúint leis an obair sin.

Luach ar Airgead agus Athbhreithniú Beartas

Tá Tionscnamh Luach ar Airgead agus Athbhreithniú Beartas an Rialtais mar chuid de chreat a tugadh isteach chun luach ar airgead níos fearr ó chaiteachas poiblí a bhaint amach. Is iad cuspóirí an Tionscnaimh Luach ar Airgead agus Athbhreithniú Beartas ná anailís a dhéanamh ar chaiteachas an Státchiste ar bhealach córasach agus bunús a chur ar fáil ar a bhféadfaí cinntí níos eolasaí a dhéanamh maidir le tosaíochtaí laistigh de cláir agus idir cláir. Tá sé seo ar cheann de raon de thionscnaimh nuachóirithe atá dírithe ar bhainistiú na hearnála poiblí a bhogadh ón bhfócas traidisiúnta ar ionchuir chun díriú ar thorthaí a bhaint amach.

Bhí cúig Athbhreithniú Luach ar Airgead ar siúl an 31 Nollaig 2009 le dátaí críochnaithe leagtha amach roimh dheireadh 2010:

- Athbhreithniú ar an Scéim Oibreacha Samhraidh.
- Athbhreithniú ar Shocruithe Árachais do Scoileanna.
- Athbhreithniú ar Chúntóirí Riachtanas Speisialta.
- Athbhreithniú ar chaiteachas ar thacaíocht teanga do dhaltaí imirceacha i mbunscoileanna agus in iarbhunscoileanna nach labhraíonn Béarla (nó Gaeilge) mar chéad theanga.
- Athbhreithniú ar Iompar Scoile.

Forbairt ar Scoil Náisiúnta Pobail píolótach de phatrúnacht

Ba í 2009 an dara bhliain de chéim pháilóitaithe an mhúnla nua de Scoil Náisiúnta Pobail. Is é an móthréith atá ag an dá Scoil Náisiúnta Pobail i mBaile Átha Cliath 15, Scoil Ghráinne i mBaile Fiobail agus Scoil Choilm i mBaile an Phóirtéaraigh, ná éiteas uilechuimsitheachta, comhionannais agus armóine ina bhfuil meas ar gach páiste agus ar gach ball den phobal scoile agus ina gcaitear leo le h-urraim. Tá na scoileanna ilchreidmheach agus cuireann siad fáilte roimh leanaí ó gach creideamh nó leanaí nach bhfuil creideamh ar bith acu agus bíonn meas orthu. Aithneoidh siad mianta na dtuismitheoirí go bhfaighidh a leanaí oideachas bunaithe ar chreideamh agus ar mhoráltacht, nó múnlu creidimh, laistigh den lá scoile

agus tá sé d'aidhm acu freastal ar na mianta sin. Tá an tiomantas seo, laistigh de thimpeallacht ilchreidmheach, ina gné thábhachtach idirdhealaitheach den mhúnla.

Tá cur i bhfeidhm an mhúnla phíolótaigh á mhaoirsiú ag Comhchoiste Stiúrtha DES-Coiste Gairmoideachais. Tá measúnú an mhúnla phíolótaigh á thógáil ar láimh ag fo-choiste an Chomhchoiste Stiúrtha.

Cáilíochtaí

Tacaíonn an Roinn le hÚdarás Náisiúnta Cáilíochtaí na hÉireann (NQAI) agus le Comhairlí na nDámhachtainí Breisoideachais, Ardoideachais agus Oiliúna (FETAC agus HETAC) maidir le forbairt agus cur i bhfeidhm Chreatoibre Náisiúnta na gCáilíochtaí a chur chun cinn, deimhniú cáilíochta a thabhairt do raon leathan soláthair breisoideachais, ardoideachais agus oiliúna agus dámhachtainí a bhronnadh ar fhoghlaimeoirí.

Rinne earnáil Cháilíochtaí na Roinne dul chun cinn i réiteach reachtaíochta chun NQAI, FETAC agus HETAC a chónascadh isteach i ngníomhaireacht amháin. Glacfaidh an ghníomhaireacht freagracht chomh maith as athbhreithniú deimhniú cáilíochtaí seachtrach na n-ollscoileanna, feidhm atá á déanamh faoi láthair ag Bord Cáilíochtaí Ollscoileanna na hÉireann agus ag an Údarás Ardoideachais. Foilsíodh Páipéar Comhchomhairle ar an gcónascadh i mBealtaine 2009 agus fuarthas 33 freagra ó na páirtithe leasmhara. Táthar ag súil go mbeidh an cónascadh críochnaithe i 2011.

Thionóil earnáil na gCáilíochtaí seimineár ar 2 Nollaig 2009 le feasacht a ardú i ndáil le Treoir 2005/36 ar aitheantas seirbhísí gairmiúla. Bhí ionadaithe i láthair ag an ócáid ó Údarás Inniúla na hÉireann agus rinne aoi-chainteoirí ó Choimisiún na hEorpa, Institiúid Ríoga Ailtirí na hÉireann, an Roinn Fiontair, Trádála agus Fostaíochta, an Chomhairle Liachta agus FÁS, cur i láthair.

Thionóil an NQAI seimineár i Meán Fómhair, comheagraithe le Coimisiún na hEorpa chun críoch tagairt Chreat Oibre Náisiúnta na gCáilíochtaí le Creat Oibre Cáilíochtaí na hEorpa a chomóradh. Is í Éire an chéad tír a rinne an próiseas tagartha a chríochnú go hiomlán.

Rinneadh na leibhéil NFQ de mhór-Diplómaí ollscoile agus de dhámhachtainí nach mór dámhachtainí iad a fhoilsiú ar láithreán gréasáin NQAI i 2009. Lean an tÚdarás ag comhoibriú leis na hollscoileanna, le NUI agus le Cumann Ollscoileanna Éireann (IUA) chun an chuid eile de dhámhachtainí ollscoileanna atá ann faoi láthair a bheith curtha san áireamh sa Chreat Oibre agus láithreán na ndámhachtainí a rinneadh roimh theacht i bhfeidhm an Chreat Oibre (dá dtagraítear amanna mar dhámhachtainí iarmharacha) a chinntiú.

Chuir an NQAI Treoir ar fáil chun cabhrú le soláthraithe ardoideachais agus oiliúna tagairt don NFQ ina gcuid ábhar margáíochta agus bolscaireachta agus d'fhoilsigh sé an Tuarascáil um Fheidhmiú an Chreat Oibre agus Staidéar Tionchair a réitigh Foireann Staidéir sheachtrach saineolaithe náisiúnta agus idirnáisiúnta.

Lean HETAC lena chlár athbhreithnithe institiúideacha agus tá 8 dtuairisc foilsithe aige ar a shuíomh gréasáin. Leanfar leis an ngníomhaíocht tosaíochta seo i 2010. Chríochnaigh HETAC mór-imchóiriú ar bheartais príomhchaighdeáin - Measúnú agus Caighdeáin - a foilsíodh i mí na Nollag 2009.

D'fhoilsigh FETAC a chéad Tuarascáil Bhliantúil Monatóireachta i 2009 - rinne FETAC monatóireacht ar 180 soláthraí i rith 2009. Lean FETAC ag dul chun cinn ar dhámhachtainí atá ann faoi láthair a aistriú chuig an gCóras Dámhachtana Coitinne (CAS) i rith 2009. An aidhm atá ann ná na dhámhachtainí uile atá ann faoi láthair a aistriú go CAS faoi Mheitheamh 2011.

I 2009 bhronn FETAC breis is 131,000 agus d'eisigh HETAC 20,500 dámhachtain.

Críochnaíodh Anailís ar Thionchair Rialála ar an mBille Dearbhaithe Cáilíochtaí agus Caighdeán atá molta, i 2009. Foilseofar an RIA leis an dréacht-reachtaíocht in am trátha.

Imircigh go hÉirinn a Chomhtháthú

Mar fhreagra ar fhorbairtí suntasacha sa réimse, ceapadh Aire Stáit le freagracht trasranna i leith comhtháthaithe (sa Roinn seo chomh maith) san áireamh, bhunaigh an Roinn Aonad Comhtháthaithe ag deireadh 2007

I 2009, rinne foireann ón Aonad Comhtháthaithe cur i láthair ag roinnt seimineár seachtrach ar oideachas mac léinn imirceacha ag comhdháil AE i nDeireadh Fómhair, ag an OECD agus ag imeachtaí náisiúnta ar nós comhdháil ELSTA (Cumann na Múinteoirí Tacaíochta Béarla) agus comhdháil SDPI (Tionscnamh Pleanáil Forbartha Scoileanna). Anuas air sin d'eagraigh an Roinn dhá sheisiún mioneolais d'fhoireann ambasáide, ceann ar ardoideachas agus breisoideachas agus ceann eile ar aitheantas cáilíochtaí. Thug seisiún mioneolais na hambasáide eolas a chuir ar chumas ambasáidí eolas cothrom le dáta, cruinn, ar an gcóras oideachais in Éirinn a thabhairt agus thug sé teagmhálacha dóibh sa Roinn Oideachais agus Scileanna chun déileáil le ceistanna a bheadh ag déanamh tinnis dóibh.

Ghlac an Roinn rannpháirt ghníomhach i gcomhchomhairlí Choimisiún an AE ar an bPáipéar Glas ar Oideachas Imircigh trí Earnálacha Idirnáisiúnta agus Comhtháthaithe na Roinne araon. Críochnaíodh an próiseas i 2009 nuair a eisíodh tátail Chomhairle Oideachais an AE ar oideachas imirceach.

Bhí Éire ar cheann de sé thír a ghlac páirt in athbhreithniú téamach OECD ar oideachas imirceach agus rinne an tAonad Comhtháthaithe comhordú ar rannpháirtíocht na hÉireann (sprioc 4.5 leis). Tar éis cruinnithe comhchomhairle le páirtithe leasmhara agus dhá chuairt ó fhoireann staidéir OECD foilsíodh tuarascáil na hÉireann i mí na Nollag 2009. Chuidigh Éire chomh maith le forbairt lámhleabhar do dhéantóirí beartas ag an OECD a bhí ceaptha a fhoilsiú go luath i 2010.

Rinne an Roinn coimisiúnú ar an Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta chun dul i mbun staidéir ar mhór-scála ar “Dul in Oiriúint d'Éagsúlacht: Scoileanna na hÉireann agus Scoláirí Nua-Tagtha” Bhí sin bunaithe ar shonraí cainníochtúla as suirbhé a cuireadh chuig gach príomhoide iarbhunscoile agus chuig 1,200 príomhoide bunscoile, chomh maith le sonraí cainníochtúla ó 16 scoil (bunscoileanna agus iarbhunscoileanna). Foilsíodh an tuarascáil i Meitheamh 2009.

Bunaithe ar an taighde forleathan a bhfuil cur síos air thuas agus comhairliúcháin le grúpaí páirtithe leasmhara lean an tAonad Comhtháthaithe lena chuid oibre ar Straitéis Oideachais Idirchultúir a fhorbairt agus tá sin ceaptha a bheith curtha i gcrích i 2010.

Cuspóir 4.2: Tacú le nuachóiriú na hearnála oideachais trí phróiseas comhpháirtíochta a chuireann deachleachtais caidreamh tionsclaíoch chun cinn.

Cuireann an Roinn dea-chleachtais caidrimh tionsclaígh chun cinn agus spreagfaimid nuachóiriú ar earnáil an oideachais trí na bealaí seo leanas:

- Comhairle a thabhairt do ghrúpaí cliant ar chaidreamh tionsclaíoch agus ar shaincheistanna maidir le reachtaíocht fostaíochta
- Córas ceadaithe pá agus liúntais a fheidhmiú do gach grád

- Comhairle a thabhairt d'institiúidí ar fheidhmiú agus ar riachtanais fíoraithe an chláir oibre nuachóirithe don earnáil oideachais, mar atá leagtha amach i gcomhaontuithe comhpháirtíochta sóisialta
- Próiseas fíoraithe feidhmíochta a chomhordú agus a eagrú tríd an Ghrúpa Fíoraithe Feidhmíochta na hEarnála Oideachais

Ag teacht le téarmaí an Chomhaontais *I dTreó 2016* eisíodh nósanna imeachta athbhreithnithe i leith múinteoirí agus príomhoidí a chur ar fionraí nó a dhífhostú i Meán Fómhair 2009.

Ba €175,000 an maoiniú do shocrúithe Comhpháirtíochta in Earnáil an Oideachais i 2009.

Cuspóir 4.3: Tacú leis an bhfoireann agus í a fhorbairt agus feabhas leanúnach a lorg in éifeachtúlacht, luach agus caighdeán ár seirbhísí.

Tacaíochtaí ICT

Braitheann an Roinn ar roinnt córas ICT chun tacú le príomhfheidhmeanna gnó. I rith na bliana 2009 tugadh chun críche roinnt feabhsúchán suntasach ar phríomhchórais. Sa bhreis ar na hathruithe ar an gcóras párolla a luaitear in áit eile sa tuarascáil seo, cuireadh feabhas chomh maith ar an gCóras Éileamh Ar-Líne (OLCS) agus ar Chóras Bainistíochta Airgeadais inmheánach na Roinne i rith na bliana.

Dhá fhorbairt ar cuireadh tús leo i 2009 ná an tionscadal Feidhmiú Entiteas Daltaí (PEIP) agus an tionscadal Fardal Chóiríocht Scoileanna (ISAP) Déanfaidh an PEIP, atá ceaptha a bheith críochnaithe i 2010, sruthlíniú ar phróisis inmheánacha na Roinne agus laghdóidh sé an t-ualach riaracháin a bhaineann le cruinniú agus taifeadadh sonraí daltaí. Éascóidh an ISAP, atá ceaptha a bheith críochnaithe i 2010 chomh maith, cruinniú éifeachtach príomhshonraí ó scoileanna.

San áireamh i ngníomhaíochtaí eile bhí cruthúnas coincheapa d'uirlis bogearraí Faisnéis Ghnó chun anailís níos fearr ar eolas Rannach a sholáthar agus chun seirbhísí tacaíochta infrastruchtúir ar-líne do scoileanna a aistriú ó ionad sonraí próbháideach go hOifig na gCoimisinéirí Ioncaim.

Oiliúint agus Forbairt Foirne

Téann an Roinn i gcomhchomhairle leis an bhfoireann agus leis an mbainistíocht ó thaobh riachtanas oiliúna a aithint agus tacaíonn sí le raon leathan clár oiliúna agus forbartha don fhoireann. Tá tacaíocht ar fáil don Chigireacht, don tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais (NEPS), don Aonad Pleanála agus Tógála (PBU) agus don Aonad IT maidir lena riachtanais oiliúna gairmiúla agus teicniúla sonracha.

Soláthraíodh breis is 2,700 lá oiliúna, a bhí dírithe ar riachtanais tosaíochta ghnó na Roinne, agus a seachadadh go príomha sa teach, i 2009. Cuireadh an oiliúint ar fáil i réimsí a chuimsigh Bainistiú Airgeadais, oiliúint ionductaithe do bhaill foirne nua, oiliúint sa Ghaeilge, seirbhísí chustaiméara, scileanna cur i láthair, cathaoirleacht ar chruinnithe, IT (úsáideoir deiridh) agus oiliúint theicniúil IT. Lean an Roinn ag tabhairt tosaíochta d'oiliúint bainistíochta chun a cumas déileáil go dóthanach le dúshláin nua agus leo sin atá ag teacht chun cinn a fheabhsú trí chláir oiliúna do mheánbhainisteoirí agus do bhainisteoirí sinsearacha agus líonraí grád dhá-lá do bhainisteoirí a chur ar fáil. Chun tacú leis an bhfoireann eolas scríofa ar ardchaighdeán a sholáthar táirgeadh bailiúchán doiciméad treoirlínte ar scileanna scríbhneoireachta agus cuireadh ceardlanna scileanna scríbhneoireachta ar fáil.

I 2009 chuir an Roinn tús le hoiliúint agus le rolladh amach na dtuarascálacha monatóireachta caiteachais do rannóga líne a thógfaidh áiteanna na bpróiseas tuarascála aonair atá ann faoi láthair agus a

thabharfaidh rochtain níos tapúla agus níos éasca ar fhaisnéis. Cuirfidh sé seo feabhas ar an gCreat Oibre Faisnéise Bainistíochta foriomlán. Sa bhreis ar oiliúint agus ar fhorbairt eagraithe lean an Roinn ag cothú cultúr na foghlama trí thacaíocht a sholáthar do bhaill foirne a d'fhreastail ar chúrsaí breisoideachais, atá ábhartha don Roinn agus don Státseirbhís níos leithne, ina gcuid ama féin.

Cistí Struchtúracha agus Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa.

I 2009 lean an Roinn ag tacú le seachadadh seirbhísí oideachais trí tharraingt anuas uasta a chinntiú ar chúnamh ó Chistí Struchtúracha na hEorpa (ESF) faoin gClár Oibríochta Infheistíochta Caipitil Daonna (HCIOP) agus na Cláir Oibríochta Réigiúnacha BMW⁵ agus S&E⁶ agus trí dul chun cinn a mhaoirsiú agus a thuairisciú ar bhearta oideachais.

Rinneadh éilimh ar chúnamh airgeadais ón ESF a tharraingt anuas a thaisceadh roimh spriocdhátaí ábhartha an AE i 2009. Rinneadh cuairteanna suímh de réir Rialachán an AE le fírinne na dtuairisceán a rinneadh a chinntiú. Fuair an Roinn breis is €36m in admhálacha cabhrach ESF i 2009 ar bhonn tuairisceáin caiteachais deimhnithe a sheol Tairbhíthe Deiridh isteach, i.e. Coistí Gairmoideachais, Institiúidí Teicneolaíochta, Ollscoileanna agus Údarás Ardoideachais. An méid iomlán cabhrach ESF le n-éileamh ag an Roinn sa tréimhse 2007-2013 ná €130 milliún.)

Ag deireadh 2006 d'iarr an Roinn Airgeadais ar an Roinn caiteachas breise incháilithe a aithint mar chúiteamh ar fho-chaiteachas sa Réigiún BMW mar go raibh baol ann go gcaillfeadh Éire cuid de Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (ERDF). Faoi Mheitheamh 2009 seoladh éilimh deimhnithe ar €12.913 milliún breise de chaiteachas incháilithe isteach i leith coláistí tríú leibhéal sa Réigiún BMW faoin gciste seo.

I 2009 rinne an Roinn monatóireacht agus tuairisciú i leith dul chun cinn maidir le bearta oideachais sa HCIOP, sa Chlár Oibríochta Earnáil na Táirgíochta agus na Cláir Oibríochta Réigiúnacha BMW agus S&E. Cuireadh tuairiscí cuimsitheacha dul chun cinn agus airgeadais ar na bearta uile ar fáil do Chruinnithe Earraigh agus Samhraidh an Choiste Monatóireachta.

Sa bhreis air sin chuir an Roinn comhlíonadh riachtanas NDP/AE chun cinn - d'eisigh ciorcláin agus treoirlínte ar Rialacháin ESF don bhabhta maoinithe 2007-2013 do na tairbhíthe poiblí ar fad; rinne freastal ar sheimineáir/cruinnithe eolais ar oibriú Chlár Oibríochta Infheistíochta Caipitil Daonna agus na Cláir Oibríochta Réigiúnacha, rinne cuairteanna iniúchta/rialaithe a éascú agus rinne iarobair ar cheisteanna a ardaíodh ag iniúchadh.

Cuspóirí 4.4: Bainistiú a dhéanamh ar fhreagra na Roinne maidir le tionscnaimh chun drochúsáid leanaí i bhForais Chónaitheacha a chúiteamh.

An Coimisiún chun Drochúsáid Leanaí a Fhiosrú

Comhlíonann an Roinn dhá ról mar urraitheoir ar agus mar fhreagróir don Choimisiún chun Mí-úsáid Leanaí a Fhiosrú, a bunaíodh i mBealtaine 2000 chun fiosrú a dhéanamh ar chúiseanna, ar chineál, ar chúinsí agus ar mhéid na mí-úsáide leanaí i scoileanna saothair agus ceartúcháin agus i bhforais eile.

D'fhoilsigh an Coimisiún chun Mí-úsáid Leanaí a Fhiosrú a thuarascáil i mBealtaine 2009. Ó shin i leith tá an Roinn ag obair i dtreo moltaí na Tuarascála a chur i bhfeidhm maidir le combhairliúcháin, oideachas,

⁵ Tagraíonn BMW do Chlár Oibríochta Réigiún an Iarthair, Lár Tíre agus na Teorann.

⁶ Tagraíonn S&E do Chlár Oibríochta Réigiún an Oirthir agus an Deiscirt

seirbhísí lorgaireacht teaghlaigh agus dearadh cuimhneacháin, agus feidhmiú beartas an Rialtais maidir le tuilleadh íocaíochtaí ó na pobail reiligiúnacha i dtreo cúitimh.

Thabhaigh an Roinn caiteachas de thart ar €3.57 milliún i leith an Choimisiúin chun Mí-úsáid Leanáí a Fhiosrú i 2009. Bhí caiteachas iomlán €2.933 milliún ar an gCoimisiún go deireadh 2009.

An Bord um Shásamh i leith Foras Cónaithe

Cuireann an Roinn maoiniú agus tacaíocht ar fáil don Bhord um Shásamh i leith Foras Cónaithe, a bunaíodh i Nollaig 2002, chun íocaíochtaí cúitimh a chur ar fáil d'íospartaigh mí-úsáid leanáí i bhforais chónaitheacha.

I 2009 rinne an Bord um Shásamh próiseáil ar thart ar 1,200 íocaíocht chomh maith le costais dlí ábhartha. Rinneadh 13,745 iarratas a phróiseáil san iomlán go deireadh 2009. D'íoc an Roinn thart ar €4.28 milliún in íocaíochtaí cúitimh agus costais ábhartha i 2009. Ba é an caiteachas foriomlán go deireadh 2009 ná €99 milliún.

An Bord Airgeadais Oideachais (EFB)

Lean an Roinn ag tacú le ról an EFB a bunaíodh i Feabhra 2006 chun deontais oideachais a chur ar fáil d'iar-chónaitheoirí na bhforas agus a dteaghlaigh.

I 2009 cheadaigh an EFB 1,914 deontas i leith iar-chónaitheoirí agus a dteaghlaigh. Chaith an Bord thart ar €1.81 milliún ar dheontais oideachais rud a d'fhág farasbarr thart ar €5.35 milliún ar fáil aige ag deireadh 2009 chun deontais oideachais a sholáthar d'iar-chónaitheoirí agus a dteaghlaigh amach anseo.

Iarratais Saorála Faisnéise maidir le hiar-chónaitheoirí

I rith 2009 phróiseáil an Roinn 384 iarratas Saorála Faisnéise ar thaifid ó iar-chónaitheoirí scoileanna saothair agus institiúidí eile rud a thug iomlán na n-iarratas sin a próiseáladh go 12,177 faoi dheireadh 2009. D'eascair tuilleadh fiosruithe i 94 cás ar déileáladh leo roimhe sin faoin acht.

Comhairle agus Tacaíocht

Chuir an Roinn thart ar €1.023 milliún ar fáil i 2009 i leith seirbhísí comhairliúcháin agus tacaíochta le haghaidh iar-chónaitheoirí institiúidí.

Cuspóir 4.5: Ag cur leis an bhforbairt ar

- Comhoibriú Thuaidh Theas trí fhaisnéis agus foghlaim agus comhghníomh a mhalartú i réimsí comhaontaithe de leas comhchoiteann
- Oideachas trí chomhoibriú agus déanamh cinntí ag leibhéal an AE agus go hidirnáisiúnta

Comhoibriú Thuaidh Theas

Reachtáladh dhá chruinniú eile den Chomhairle Aireachta Thuaidh/Theas (NSMC) sa bhformáid Earnáil an Oideachais i 2009. Rinne airí athbhreithniú ar fhorbairtí i gcomhoibriú Thuaidh/Theas i réimsí Tearcghnóthachtáil Oideachais, Riachtanais Oideachais Speisialta, Cáilíochtaí Múinteoirí agus Aoisliúntais Múinteoirí agus Malartú Scoile, Ógánaigh agus Múinteoirí. Ag an dara ceann de na cruinnithe d'fháiltigh na h-airí roimh shocruithe maidir le staidéir nua ar chomhoibriú Thuaidh Theas in earnáil an oideachais atá á dhéanamh ar son an dá Roinn.

Tharla cruinniú déthaobhach idir an dá Aire Oideachais go luath i 2009 chun ceisteanna comhspéise comhoibrithe a phlé. I measc na nithe a pléadh bhí obair an Chuimhreannais Malartaithe Thuaidh Theas (NSEC) agus an staidéar atá beartaithe faoi chomhoibriú Thuaidh Theas ar oideachas. Tharla cruinniú déthaobhach ar leithligh chun nithe comhspéise comhoibrithe sna h-earnálacha ardoideachais, breisoideachais agus oideachais idirnáisiúnta a phlé idir an tAire seo againne agus Aire Fostaíochta agus Foghlama Thuaisceart Éireann níos déanaí sa bhliain. I measc na nithe a pléadh bhí comhoibriú san ardoideachas lena n-áirítear forbairt straitéisí agus comhoibriú trasteorann ar thaighde.

Go luath i 2009 chas oifigigh sinsearacha ón dá Roinn le chéile chun réimsí comhoibrithe Thuaidh Theas in earnáil an oideachais atá ann faoi láthair agus a d'fhéadfadh a bheith ann a phlé, lena n-áirítear comhroinnt taithí agus dea-chleachtais chun teacht i dtír ar fhadhbanna. Sa bhreis air sin reáchtáladh cruinniú eile idir oifigigh ón dá Roinn agus ó ghníomhaireachtaí tacaíochta don Oideachas trí Ghaeilge (IME) i mBaile Átha Cliath i Meitheamh. D'aontaigh pearsanra ábhartha comhthiomsú a dhéanamh ar chatalóg d'ábhar tacaíochta atá ann faoi láthair san earnáil seo. Gheall oifigigh tuilleadh machnaimh a dhéanamh ar thosaíochtaí a bhunú do chomhoibriú amach anseo san earnáil IME.

Rinne an dá Roinn comheagrú, i gcomhthéacs a gcomhobair ar dhul i ngleic le tearcghnóthachtáil oideachais, ar imeacht foghlama piaraí faoi thinreamh scoile, i 2009. Ag an imeacht bhí raon daoine acadúla, daoine proifisiúnta agus lucht déanta beartas ag comhbhreithniú seirbhísí atá ann faoi láthair, ag roinnt a dtaithí agus ag scrúdú sárchleachtais maidir le tinreamh scoile. Reáchtáil na Ranna comhdhálacha Thuaidh Theas, chomh maith, ar Oideachais Lucht Siúil agus ar Neamhoird sa Speictream Uathach (ASD) i rith na bliana.

I 2009, lean an dá Roinn ag obair i dtreo tuarascáil de chuid Chomhathbhreithniú Thuaidh/Theas ar *E* maoiniú *Review of Educational Exchanges and Supporting Mechanisms* a chur i bhfeidhm.

I 2009, lean an Roinn ag comhaoiniú, i bpáirt le Roinn Oideachais Thuaisceart Éireann, raon tionscnamh comhoibríoch Thuaidh Theas, lena n-áirítear na cláir *European Schools*, *Dissolving Boundaries* and *Civic Link*. Tugann an tábla thíos briseadh síos ar na rannpháirtithe i dtionscadail Thuaidh Theas a fuair tacaíocht maoinithe i 2009.

Iomlán Scoileanna	1,105
Iomlán Grúpaí Óige	17
Iomlán Múinteoirí/Oiliúnóirí	1,046
Iomlán Daltaí	33,207
Iomlán Daoine Óga	4,729

Aontaíodh téarmaí Comhaontú Maoinithe agus Bainistíochta nua i 2009, idir an tAire agus Comhaontas S.A.-Éireann chun socruithe bainistíochta agus rialachais faoin gCiste Scoláireachta George Mitchell a fheabhsú. Beidh reachtaíocht nua atá le tabhairt isteach ag an Aire mar bhonn taca ag an gcomhaontú nua.

D'íoc an Roinn ranníocaíocht thart ar €850,000 i gcaiteachas ioncaim agus caipitil le hIonad Coillidh Chanannáin d'Uathachas (Ard Mhacha) i 2009. Tá an tIonad maoinithe ar bhonn 50/50 idir an Roinn seo agus Roinn Oideachais Thuaisceart Éireann.

Beartas Oideachais AE

Cuireann an Roinn le cur chun cinn na hÉireann mar ionad d'oideachas idirnáisiúnta trí fhorbairt agus chomhordú beartas, trí thacaíocht a thabhairt do ghníomhaireachtaí Rannacha a rialaíonn agus a thacaíonn le hoideachas idirnáisiúnta in Éirinn, trí scoláireachtaí a bhronnadh ar mhic léinn céimithe idirnáisiúnta ar mian leo taighde a dhéanamh in Éirinn agus trí chuariteanna isteach agus amach na gceannairí oideachais agus na ndéantóirí cinní a éascú.

Faoi na Conarthaí a rialaíonn an tAontas Eorpach, tá freagracht iomlán ar na Ballstáit as a gcórais oideachais agus oiliúna gairme féin a eagrú, as ábhair múinteoireachta, agus as a n-éagsúlachtaí cultúir agus teanga, agus is é ról an AE comhoibriú agus tacaíocht a spreagadh agus a éascú agus cur le gníomhaíochtaí na mBallstát. Sa chleachtadh atá ann, oibríonn Coimisiún na hEorpa agus na Ballstáit le chéile ar raon réimsí beartas oideachais agus oiliúna de réir tosaíochtaí frithpháirteacha na mBallstát, agus leis an aidhm sárchleachtas a roinnt idir saineolaithe náisiúnta faoin “modh oscailte comhoibríthe” mar a thugtar air.

Tagann Airí Oideachais an AE le chéile faoi thrí sa bhliain sa Bhruiséal chun beartais comhoibríthe a phlé agus a aontú. Sa bhreis air sin reáchtáiltear cruinniú neamhfhoirmiúil Airí Oideachais an AE le linn gach Uachtaránacht sé-mhí, i.e. faoi dhó sa bhliain. Faigheann an Chomhairle Oideachais tacaíocht ón gCoiste Oideachais ar a bhfreastalaíonn foireann ón Roinn. Tháinig an Coiste seo, atá ina phríomh-fhóram inar féidir le hÉire tionchar a imirt ar dhréachtú doiciméid comhaontaithe a thagann le tosaíochtaí náisiúnta, le chéile seacht n-uair déag i 2009.

An beartas is suntasaí ar ghlac na hAirí leis ag Comhairle Oideachais na nAirí i 2009 ná creat oibre straitéiseach, tugtha cothrom le dáta, ar chomhoibriú in oideachas agus oiliúint san Eoraip - *ET 2020*. Is é ET 2020 an doiciméid is tábhachtaí ar bheartais oideachais na hEorpa a aontaíodh sna 8-10 mbliana atá caite mar go leagann sé amach na paraiméadair agus an creat beartas i leith comhoibriú AE i réimse an oideachais agus oiliúna chomh fada le 2020. Leagann an creat síos ceithre thosaíocht straitéiseach fadtéarmach don tréimhse chomh fada le 2020 le tosaíochtaí gearrtéarmacha leagtha síos faoi gach ceann de na tosaíochtaí sin don tréimhse 2009-2011. Is iad na ceithre thosaíocht fadtéarmach ná:

- Foghlaim ar feadh an tsaoil agus soghluaiseacht foghlaimeoirí a bheith ar fáil
- Caighdeán agus éifeachtacht oideachais agus oiliúna a fheabhsú.
- Comhionannas, comhtháthú sóisialta agus saoránacht gníomhach a chur chun cinn.
- Nuálaíocht agus cruthaitheacht, lena n-áirítear fiontraíocht, ag gach leibhéal oideachais agus oiliúna a fheabhsú.

Tá cur i bhfeidhm na dtosaíochtaí seo dírithe anois ar na tosaíochtaí gearrthéarmacha a leagadh síos do 2009-2011, agus rinneadh gníomhaíochtaí éagsúlacha, lena n-áirítear comhdhálacha, grúpaí oibre téamacha agus earnálacha, gníomhaíochtaí aon-uaire foghlama píaraí agus cuairteanna staidéir, a mbeidh aschur daingean agus úsáideach ag gach ceann, a phleanáil nó a eagrú le cur leis an bpróiseas seo.

I 2009 d'fhreastail foireann ón Roinn ar dhá chruinniú den Ghrúpa Ardleibheál neamhfhoirmiúil ar Oideachas agus Oiliúint chun treo beartas straitéiseach ardleibhéal i réimsí oideachais agus oiliúna a phlé agus a aontú.

Ghlac an Roinn páirt, chomh maith, i roinnt cruinnithe agus imeachtaí a bhain le h-ainmniú 2009 mar Bhliain na hEorpa don Chruthaitheacht agus Nuálaíocht.

Clár Foghlama ar feadh an tSaoil 2007-2013

Ag cloí lena ról ag tacú agus ag cur le gníomhaíochtaí na mBallstát i réimse oideachais agus oiliúna, ghlac Coimisiún na hEorpa le raon clár a thacaíonn le soghluaiseacht trasteorann, líonrú agus roinnt sárchleachtas. Tá na tionscnaimh oideachais agus oiliúna seo cónasctha ag an gCoimisiún faoi aon scáth amháin “An Clár Foghlama ar feadh an tSaoil 2007-2013”.

Agus buiséad beagnach €7 billiún aige do 2007- 2013, cuireann an clár seo ar chumas daoine aonair ag gach am dá saol deiseanna foghlama a leanúint ar fud na hEorpa. Tá sé comhdhéanta de cheithre fo-chlár: Erasmus, Comenius, Leonardo DaVinci agus Grundtvig, chomh maith le cláir trasnacháin a gclúdaíonn téamaí idir-earnálacha ar nós ICT agus teangacha.

Idir 2007 agus 2013, gheobhaidh Éire breis is €80 milliún ón gclár seo agus cuirfidh sé ar chumas thart ar 18,500 mac léinn tríú leibhéal as Éire, agus foireann léachtóireachta, páirt a ghlacadh i malartuithe oideachais Erasmus. Cuirfidh an maoiniú AE seo deiseanna ar fáil, do thart ar 2,500 oiliúnaí as Éire leas a bhaint as socrúcháin oibre san Eoraip, do thart ar 800 oibrí uasciliú a fháil le linn socrúchán i gcuideachtaí Eorpacha, do thart ar 500 duine gairmiúil, in oideachas gairme agus oiliúint, sárchleachtas a mhalartú agus do thart ar 550 scoil agus 150 eagraíocht oideachais aosaigh a bheith páirteach i gcomhpháirtíochtaí éagsúla Eorpacha. Sa bhreis orthu sin glacfaidh thart ar 300 oideachasóir aosach páirt sa chlár Grundtvig, agus tabharfar an deis do bhreis is 1,100 múinteoir agus múinteoirí amach anseo, a bheith páirteach sa chlár Comenius. An maoiniú iomlán a leithroinneadh ar Éirinn faoin gclár seo i 2009 ná beagnach €1.6m.

In Éirinn, déanann HEA (Erasmus) agus Léargas (gach fo-chlár eile) Clár Foghlama ar feadh an tSaoil a riaradh.

Comhairle na hEorpa

Agus rud eile, lean an Roinn d'ionadaíocht a bheith aici ar Choiste Stiúrtha Oideachais Chomhairle na hEorpa. (CDED). Bhí ionadaíocht ag an Roinn ag dhá chruinniú den Choiste i 2009.

Éire a chur chun cinn mar aonad idirnáisiúnta oideachais

I 2009 chuir an Roinn creat nua ar bun chun seirbhísí oideachais idirnáisiúnta in Éirinn a chur chun cinn, a dhearbhu maidir le cáilíocht agus a chomhordú, mar chuid de pholasaí foriomlán an Rialtais, Éire a fhorbairt mar aonad idirnáisiúnta oideachais. San áireamh ansin bhí freagracht as margaíocht agus cur chun cinn an ardoideachais a leithdháileadh chuig Fiontair Éireann, cur chun cinn foghlaim an Bhéarla chuig Fáilte Éireann agus an creat riaracháin ar oideachas idirnáisiúnta chuig Údarás Náisiúnta Cáilíochtaí na hÉireann (NQAI).

Dá thoradh sin, amhail 31 Nollaig 2009, tháinig deireadh le dhá chomhlacht faoi choimirce na Roinne, Bord Oideachais Idirnáisiúnta Éireann (IEBI) agus an Chomhairle Chomhairleach do Scoileanna Mhúinte an Bhéarla (ACELS) agus athlonnaíodh a bhfoirne agus a bhfreagrachtaí chuig Fiontair Éireann, an HEA agus NQAI mar chuid de struchtúir nua cur chun cinn agus riaracháin. Leanfaidh seachadadh seirbhísí níos éifeachtúla i gcur chun cinn agus riaradh oideachais idirnáisiúnta na cónaschtaí sin.

Sa bhreis air sin bunaíodh Grúpa Ardleibhéil ar Oideachas Idirnáisiúnta i 2009 a thugann le chéile Ranna Rialtais, gníomhaireachtaí Stáit agus ionadaithe ó earnálacha an oideachais leis an dualgas air straitéis do fheidhmíocht fheabhsaithe na hÉireann san oideachas idirnáisiúnta a fhorbairt, agus beifear ag súil le tuarascáil uaidh i lár 2010.

Naisc Oideachais a Láidriú le Tíortha Comhpháirtíochta Straitéiseacha

Rinneadh naisc oideachais idir-Rialtais le príomh-thíortha comhpháirtíochta a láidriú, le fócas ar leith ar an Meán Oirthear agus an Áis. Tugadh cuairteanna Aire amach ar Bhahrain (mar chuid de chuairt an Uachtaráin) agus ar Saudi Arabia. Tharla cuairteanna leibhéil Airí isteach ón tSín agus Saudi Arabia agus cuairteanna leibhéil oifigeach sinsearach ón Mhalaeisia agus Bahrain.

UNESCO Feidhmíonn an Roinn mar choimisiún náisiúnta na hÉireann d'Eagraíocht Oideachais, Eolaíochta agus Cultúir na Náisiún Aontaithe. Bhí Aire Stáit na Roinne mar cheannasaí ar thoscaireacht na hÉireann chuig Comhdháil Ghinearálta UNESCO i 2009 agus bhí sé comhdhéanta d'ionadaithe as roinnt Ranna Rialtais. Leag an Chomhdháil Ghinearálta síos treo pholasaí do UNESCO don tréimhse 2010-2012, le béim ar leith ar cheisteanna oideachais sa domhain atá i mbun forbartha.

OECD

Breathnaíonn an Earnáil Idirnáisiúnta i ndiaidh riaracháin ghinearálta a bhaineann le cúrsaí OECD agus íocann sí na deonacháin chuig cláir, e.g. CERI agus PISA agus faigheann sí cóipeanna de na foilseacháin OECD. Déanann Airí Oideachais freastal ar Choistí Beartas Oideachais an OECD ar bhunús débhlíantúil.

I 2009 ghlac an Roinn páirt i raon gníomhaíochtaí a threoraigh an OECD lena n-áirítear iad sin a d'eagraigh an Coiste Beartas Oideachais (EDPC), an tIonad do Thaighde Oideachasúil agus Nuála (CERI), na Córais Táscairí Oideachais (INES) agus an Clár ar Thógáil Oideachasúil.

Cuid 5 – Tacaíocht a thabhairt do Sheachadadh & Fócas a dhíriú ar Riachtanais ár gcuid Custaiméirí

Cumas an Eagrais

Ba bhliain dhúshlánach í 2009 ó thaobh acmhainní daonna de le cailteanais shuntasacha foirne mar gheall ar Scéim Luathscoir Dreasaíthe, Scéim Shos Gairme Dreasaíthe, tobhach na Roinne Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh agus an moratorium leanúnach ar earcú agus ar arduithe céime, lenar bhain cailliúint 100 post. Déanann an Roinn seirbhísí oibríochta suntasacha a sheachadadh agus oibríonn go leor acu ar scálaí ama cúnga, agus i gcásanna, do-athraithe. Dá thoradh sin b'éigean obair a chur in ord tosaíochta agus dá réir díriú ar fholúntais a líonadh sna réimsí criticiúla lena chinntiú go mbeadh an tionchar is lú is féidir ar sheachadadh seirbhísí in earnáil an oideachais.

I 2009 cuireadh Rannán na Scoileanna, sa bhformáid athchruthaithe, i bhfeidhm go h-iomlán. Tá an Rannán seo freagrach as leithdháileadh foirne agus acmhainní airgeadais chuig bunscoileanna agus iarbhunscoileanna. Tá sé freagrach, chomh maith, as treoir agus stiúir a eisiúint chuig scoileanna ar shaincheisteanna rialachais agus beartas lena n-áirítear iadsan a bhaineann le téarmaí agus coinníollacha fostaíochta foirne scoile. Eisítear an treoir agus an stiúir seo, de ghnáth, trí chiorcláin a liostáiltear ar láithreán gréasáin na Roinne. Déileálann Rannán na Scoileanna, chomh maith, le tuismitheoirí agus daltaí maidir le h-eolas faoi oideachas a bpáiste agus am a chaitear ar scoil. An aidhm a bhí ag an athchruthú ná acmhainní a atheagrú ar bhonn téamach chun cur le saineolas, dúbláil oibre a sheachaint, agus a bheith eagraithe níos fearr chun déileáil le saincheisteanna tras-earnála. Roimhe seo bhí acmhainní agus seirbhísí inmheánacha struchtúrtha ar bhonn earnáil bunscoile/iarbhunscoile.

Seirbhísí Custaiméara

Clúdaíonn bonn custaiméirí na Roinne gach gné de shaol na hÉireann. Bíonn baint ag gach duine go díreach le hoideachas ag tráth éigin ina saol, cibé mar mhac léinn, tuismitheoir, múinteoir, fostaitheoir, fostaí nó mar bhall den phobal nó mar rannpháirtí ar chumann tuismitheoirí, ar bhoird bhainistíochta scoile nó ar bhoird rialaithe eile. Tá suim dhíreach ag gach uile ceann díobh sin i bhforbairt agus seachadadh seirbhísí oideachais d'ardchaighdeán. Is cliantghrúpaí tábhachtacha iad an Rialtas, comhaltaí an Oireachtais, na comhpháirtithe sóisialta agus foireann na Roinne féin, mar chustaiméirí inmheánacha.

Tá an Roinn tiomanta do sheirbhísí ar ardchaighdeán a sheachadadh a fhreastalaíonn ar riachtanais ár gcustaiméirí, go háirithe foghlaimeoirí. Léirítear an tiomantas seo i Ráiteas Stráitéise na Roinne 2008-2010 agus tá sé mar bhonn agus mar thaca sna próisis bhainistíochta feidhmíochta sa Roinn, áit a n-aithnítear seirbhís do chustaiméirí mar lár-inniúlacht dár gcuid foirne. Déanaimid an tiomantas seo a threisiú inár gCairt Custaiméara agus i bPlean Gnímh do Chustaiméirí ar déanadh athbhreithniú air i 2009. Tá an Roinn tiomanta freisin dul i mbun cumarsáide lenár gcustaiméirí and seirbhísí a sheachadadh dóibh trí mheán na Gaeilge, i gcás gurb é a mian sin a bheith ann.

Láithreán Gréasáin

I mí Iúil foilsíodh sonraí faoin gclár tógála scoile ar láithreán gréasáin na Roinne mar chéim a thabharfaidh an deis súil a choinneáil ar thionscadail de réir mar a théann siad ar aghaidh trí chéimeanna an chláir. Tugann an tionscnamh seo, a chuireann feabhas suntasach ar rochtain ar an gclár tógála scoile, foramharc ar an gclár tógála scoile, lena n-áirítear na tionscadail uile atá ceadaithe dul ar aghaidh chuig tairiscint agus tógáil, iadsan atá ag dul trí phleanáil ailtireachta agus iadsan atá ag staid iarratais.

I rith na bliana 2009 thug breis is 568,000 cuairteoir ar leith, as breis is 200 tír, beagnach 1.3 milliún cuairt ar láithreán gréasáin na Roinne www.education.ie.

Dílárú

I mí na Nollag 2009, d'fhógair an Rialtas go gcuirfí siar dílárú an Roinn Oideachais agus Eolaíochta go Muileann gCearr ar chúinsí inacmhainneachta ag feitheamh ar athbhreithniú foriomlán ar an gClár Díláraithe i 2011.

Ag Tacú leis an bPróiseas Parlaiminte

I 2009 d'fhreagair an Roinn 4,035 ceist parlaiminte a chuir Teachtaí i nDáil Éireann, ceisteanna scríofa a bhí i 3,781 díobh agus thug an tAire freagraí ó bhéal ar 254 díobh le linn Tráth na gCeisteanna. Foilsítear na ceisteanna agus na freagraí agus tá siad ar fáil ar láithreán gréasáin an Oireachtais. Fuarthas 106 iarratas ar bhreithnithe maidir le Dréacht Meabhrán don Rialtas, chomh maith.

Sa bhreis ar sin fuair Oifig an Aire breis is 7,500 uiríoll i rith 2009.

Saoráil Faisnéise (FOI)

Fuair an Roinn 569 iarratas nua i rith 2009, ar a raibh 415 pearsanta, 149 neamh-phearsanta agus 5 cinn measctha. San áireamh sna figiúirí sin tá iarratais ó iar-chónaitheoirí na bhforas cónaitheach a luaitear in áit eile sa tuarascáil.

Ghéill an Roinn ina iomláine do 109 iarratas FOI, ghéill sí i bpáirt do 204 iarratas agus dhiúltaigh sí do 144 iarratas i 2009. Sa bhreis ar sin tarraingíodh siar 17 iarratas, déileáladh le 50 iarratas taobh amuigh de FOI agus aistríodh 2 iarratas amach as an Roinn.

Bainistíocht Airgeadais

Chomhlíon an Roinn a freagracht reachtúil ag teacht le forálacha an Achta um Íoc Pras Cuntas maidir le híocaíocht agus taifeadadh íocaíochta pras. Íocadh piónóis úis de réir alt 4 an Achta i roinnt an-bheag cásanna i 2009 mar a léirítear thíos:

Ollchaiteachas iomlán vótáilte aschuir	€0.356 billiún
Líon iomlán na n-íocaíochtaí malla ar a gearradh piónóis Úis Íocaíochta Pras (PPI)	75
Pionóis úis glan-íocaíochta pras (PPI) tabhaithe	€1,556.91

Tá nósanna imeachta iniúchta inmheánaigh agus bainistithe riosca cuí i bhfeidhm le comhlíonadh treoirlínte nósanna imeachta airgeadais poiblí, reachtaíocht íoc pras, a chinntiú agus chun riachtanais reachtúla a chomhlíonadh. Tugann Iniúchadh Inmheánach faoina chuid oibre de réir clár oibre bliantúil atá á mhaoirsiú ag Coiste Iniúchta na Roinne. Tá cúigear ball ar an gCoiste (triúr ball seachtrach, ar Cathaoirleach duine díobh) agus soláthraíonn sé comhairle maidir le rialú inmheánach, comhshaol bainistiú riosca agus cúrsaí iniúchta. I 2009 cuireadh iomlán sé thuarascáil iniúchta faoi bhráid an Choiste, lena n-áirítear dhá thuarascáil ar thiomantais faoin bPlean Náisiúnta Iniúchta iad a socraíodh le Coimisiúin na hEorpa maidir le sé chlár scoite atá tacaithe ag Ciste Sóisialta na hEorpa. Sa bhreis ar sin

rinne an tAonad Iniúchta Inmheánaigh athbhreithniú ar dhóthanacht gníomhaíochtaí leantacha ó thuarascálacha iniúchta roimhe sin.

Ag cur le comhoibriú tras-rannacha


Tugann Ráiteas Straitéise na Roinne do 2008-2010 ar aird go bhfuil an ról atá ag oideachas mar thacaíocht do chuspóirí níos leithne bheartais an Rialtais an-suntasach agus go gclúdaíonn sé an réimse iomlán den chlár forbartha eacanamaíochta, uilechuimsitheacht shóisialta, caigheáin saoil agus saoránacht ghníomhach. Léirítear seo sna príomhchúraimí tras-ghearrtha ag gach ceann de na hAirí Stáit atá sannta chun na Roinne seo. Baineann maoirseacht agus ceannaireacht le gach ceann de na dá róil sin le comhordú a dhéanamh le Ranna eile chun cuspóirí mórbheartais an Rialtais a chur i gcrích ar mhaithe le:

- foghlaim ar feadh an tsaoil;
- imeascadh daoine nuathagtha go hÉirinn;
- forbairt oideachais luathóige;
- cur chun cinn nuálaíochta sa gheilleagar; agus
- seachadadh comhordaithe seirbhísí sna hearnálacha sláinte agus oideachais do dhaoine faoi mhíchumas agus le riachtanais speisialta oideachais a chur chun cinn, chomh maith le gnéithe feidhmithe an Achta EPSEN agus na hAchta um Mhíchumais atá bainteach le h-oideachas a dteastaíonn comhoibriú uathu in earnáil na sláinte agus maoirseacht ón ngrúpa feidhmithe tras-earnáil a bunaíodh i gcomhthéacs feidhmiú na nAchtanna.

Áirítear idirphlé leis An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil agus le hÚdaráis Áitiúla i measc saincheisteanna trasrannacha suntasacha eile a phleanáil do sholáthar scoileanna nua chun freastal ar riachtanais phobal atá ag teacht chun cinn, ag cur straitéise Rialtais i ngníomh do sholáthar scileanna amach anseo agus ag forbairt ár gcumas taighde agus forbartha (i gcomhar leis An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta agus eile), ag cur chun cinn an chlár leathan shóisialta d'uilechuimsitheacht, lena n-áirítear feidhmiú na Straitéise Náisiúnta in aghaidh na Bochtaineachta (le Roinn an Taoisigh agus daoine eile), ag forbairt beartas chun an Ghaeilge a chur chun cinn, ag cur i bhfeidhm na Straitéise Náisiúnta Frithdhrugaí, an clár RAPID (leis An Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta), ag cur chun cinn bearta comhionannais ar fud an chórais oideachais (le hidirchaidreamh leis An Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí agus leis an Údarás Comhionannais) agus ag cur i bhfeidhm “Lámh Chuidithe: Straitéis Náisiúnta do Ghníomhaíocht faoi Chosc Féinmharaithe” (i gcomhar leis An Roinn Sláinte agus Leanaí agus Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte).

Maidir leo sin agus le réimse saincheisteanna beartas eile lean oifigigh na Roinne de bheith páirteach i dteagmháil rialta le Ranna agus le gníomhaireachtaí eile ar bhonn déthaobhach agus trí structúir chomhordaitheacha fhoirmiúla ar nós coistí idir-rannacha, grúpaí oifigeach sinsearach agus fochoistí comh-aireachta i rith 2009. Sholáthair an Roinn uiríoll do réimse leathan aonán, ar nós Boird Fhorbartha Contae/Cathrach, Tascfhórsaí Drugaí, Athnuachan Luimnigh agus Coistí Seirbhísí Leanaí ag leibhéal áitiúil agus réigiúnach i rith na bliana.

Aguisín: A Cairt Eagraíochta – Nollaig 2009



Cáirt Eagraíochta (ar Lean)

Aonaid tacaíochta

- Iniúchadh Inmheánach
- Oifig an Ard-Rúnaí
- Oifig an Aire
- Oifig an Aire Stáit
- Aonad Tacaíochta MAC

Nóta 1: Is éard atá i Rannóg na Scoileanna ná:

- Airgeadas agus Airgeadas Coistí Gairmoideachais/Pearsanra Riaracháin.
- Tuismitheoirí, Foghlaimoirí agus rannóg Tacar Sonraí.
- Leithdháileadh Múinteoirí agus Beartais Rialachais Scoileanna.
- Múinteoirí agus Cúntóirí Riachtanas Speisialta - Téarmaí agus Coinníollacha.

Nóta 2: Scor an tUasal Eamonn Stack as a phost mar Phríomhchigire i Samhain 2009. Ceapadh a chomharba, An Dr. Harold Hislop, i mí Feabhra 2010.

Aguisín B: Comhlachtaí Neamhthráchtála faoi Choimirce na Roinne in 2009

⁷ An Chomhairle Chomhairleach do Scoileanna Mhúinte an Bhéarla (ACELS)	
An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta	(COGG)
An Coimisiún le Mí-Úsáid Leanáí a Fhiosrú	(CICA)
An Bord Airgeadais Oideachais	(EFB)
Comhairle na nDámhachtainí Breisoideachais agus Oiliúna	(FETAC)
Gníomhaireacht Forbartha Ghráinseach Ghormáin	(GGDA)
Comhairle na nDámhachtainí Ardoideachais agus Oiliúna	(HETAC)
An tÚdarás um Ard-Oideachas	(HEA)
⁸ An Bord Oideachais Idirnáisiúnta - Éire	(IEBI)
Léargas – An Biúró Malartaithe	
An Lárionad Náisiúnta do Theicneolaíocht in Éirinn	(NCTE)
An Lárionad Náisiúnta um Threoir san Oideachas	(NCGE)
An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta	(NCCA)
An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta	(NCSE)
An Bord Náisiúnta Leasa Oideachais	(NEWB)
Údarás Náisiúnta Cáilíochtaí na hÉireann	(NQAI)
An Bord um Shásamh i leith Foras Cónaithe	(RIRB)
An Coiste Athbhreithnithe i leith Foras Cónaithe	RIRC)
An Coimisiún um Scrúduithe Stáit	(SEC)
An Chomhairle Mhúinteoireachta	

⁷ Chuir ACELS deireadh le hoibríochtaí an 31 Nollaig 2009

⁸ Chuir IEBI deireadh le hoibríochtaí an 31 Nollaig 2009